An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Cáipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú ar Churaclam Ceoil na hArdteistiméireachta

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ..... 4

1. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS ..... 5

**Achoimre ar an gCuid seo ..... 6**

2. CEOL SA CHURACLAM ..... 8

**Ceol sa tsraith shóisearach ..... 8**
Ceol na Sraithe Sóisearaí ..... 8
Gearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne ..... 9

**Ceol sa tsraith shinsearach ..... 9**
An Ardteistiméireacht Bhunaithe ..... 9

**Ceol na hArdteistiméireachta i bhfócas ..... 10**
Rannpháirtíocht an scoláire ..... 10
Measúnú don teistiúchán ..... 11
Léargas ó na Tuarascálacha Cigireachta ón Roinn Oideachais le déanaí ..... - 14 -
Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora ..... - 14 -

**Achoimre ar an gCuid seo ..... - 15 -**

3. LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA AR SCOILEANNA ..... - 17 -
Cur Chuige i leith Comhpháirteanna Ceoil a Chomhtháthú ..... - 17 -
Leanúnachas an churaclaim ..... - 20 -
Scóip an ábhair: ..... - 21 -
Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) ..... - 21 -

**Achoimre ar an gCuid seo ..... - 22 -**

4. TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA SAN OIDEACHAS CEOIL ..... - 23 -

**Réamhrá ..... - 23 -**

**Sasana ..... - 23 -**
Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil ..... - 23 -
Curaclam agus Measúnú ..... - 23 -
Cáilíocht i dTeicneolaíocht Cheoil an A-Leibhéil ..... - 24 -

**An Baccalauréat Idirnáisiúnta (IB) ..... - 25 -**
Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil ..... - 25 -
Curaclam agus Measúnú ..... - 25 -

**Tuaisceart Éireann** ........ **- 26 -**
Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil ........ - 26 -
Curaclam agus Measúnú........ - 26 -

**Victoria na hAstráile**........ **- 27 -**
Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil ........ - 27 -
Curaclam........ - 28 -

**Achoimre ar an gcuid seo** ........ **- 29 -**

5. CEISTEANNA A BHFUIL MACHNAMH LE DÉANAMH ORTHU ........ - 30 -

**Croí-chomhpháirteanna an cheoil a chomhtháthú** ........ **- 30 -**

**Leanúnachas an churaclaim** ........ **- 30 -**

**Scóip an ábhair:** ........ **- 31 -**

**Ról na Teicneolaíochta Digití sa Cheol**........ **- 31 -**

**Measúnú** ........ **- 32 -**

**Achoimre ar an gCuid seo** ........ **- 32 -**

6. TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR CHEOL NA HARDTEISTIMÉIREACHTA. - 34 -

TAGAIRTÍ........ - 36 -

AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE HAGHAIDH CEAPADH SOCRUITHE MEASÚNAITHE I BHFORBAIRT NA SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I DTRÁINSE 3.- 39 -

# Réamhrá

Foilsíodh an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís i leith sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófar sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Áirítear an athfhorbairt ar Cheol i dTráinse 3, a thabharfar chun críche in 2026 lena thabhairt isteach sna scoileanna i mí Mheán Fómhair 2027.

Cuirtear comhthéacs ar fáil sa pháipéar seo le haghaidh an athbhreithnithe ar Cheol agus rinne tuairimí na múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí eolas dó, tuairimí a bailíodh trí chuairteanna scoile a rinneadh i sampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús leis an gcáipéis seo le machnamh ar chúlra an Cheoil, agus dearcadh ar an gcomhthéacs reatha á chur i láthair i gCuid 1, lena n-áirítear machnamh ar fhorbairtí beartais ábhartha. I gCuid 2 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear faoi láthair ar an oideachas a bhaineann le Ceol laistigh de churaclam na hÉireann, sula ndírítear ar bhealach níos mionsonraithe ar an ábhar. Tugtar forléargas i gCuid 3 ar na léargais a fuarthas le linn na gcuairteanna scoile a rinneadh agus trí fíorthaithí scoileanna, múinteoirí, agus scoláirí. I gCuid 4 meastar deiseanna oideachais comhchosúla i dtíortha eile agus cuirtear forbhreathnú i láthair ar cheithre dhlínse dhifriúla. I gCuid 5 tarraingítear ar na codanna roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt an Cheoil roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i gCuid 6, rud a threoróidh obair na Meithle Forbartha.

# 1. Cúlra agus Comhthéacs

Leagtar amach sa chuid seo roinnt de na forbairtí i réimse an Cheoil ó tugadh isteach i dtosach é, sula ndírítear ar an tírdhreach oideachais agus beartas níos leithne, ar ceisteanna tábhachtacha comhthéacsúla iad le haghaidh athbhreithniú agus athfhorbairt an Cheoil.

Tugadh siollabas reatha Cheol na hArdteistiméireachta isteach sa bhliain 1996 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 1999, nuair a tháinig sé in ionad curaclam a bhí ann ó na 1970idí i leith. Is é is aidhm do shiollabas 1996 ná leanúnachas agus dul chun cinn a sholáthar ó shiollabas na Sraithe Sóisearaí (1989), mar aon le hoideachas i gceol a chur ar fáil do gach scoláire, beag beann ar cé acu a leanann siad ar aghaidh go staidéar breise nó gairm bheatha sa cheol nó nach leanann. Tá sé d'aidhm ag an siollabas struchtúr shiollabas na Sraithe Sóisearaí a leanúint ach forbairt chruthaitheacht, íogaireacht, léiriú agus acmhainn an scoláire sa cheol a spreagadh trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcumadh, éisteacht agus taibhiú. San idirthréimhse, agus ag ailíniú leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), rinneadh curaclam Cheol na Sraithe Sóisearaí a nuashonrú in 2018, lena chur in ionad shiollabas 1989 an Teastais Shóisearaigh. Cuimsítear sa tsonraíocht athbhreithnithe aistriú ó ardleibhéal agus gnáthleibhéal go leibhéal comónta, cur chuige bunaithe ar thorthaí foghlama agus cur chuige déach a thabhairt isteach i leith an mheasúnaithe. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais a bhaineann le Ceol na Sraithe Sóisearaí sa chéad chuid eile.

Laistigh de thírdhreach beartais leathan an oideachais, aithníonn an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2027 an poitéinseal atá ag na teicneolaíochtaí digiteacha laistigh den churaclam. Cuireann sí béim ar ról na teicneolaíochta digití chun tacaíocht a chur ar fáil do theagasc, foghlaim agus measúnú agus chun iad a fheabhsú. Ach úsáid chuí a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha sa rang ceoil, cuirtear an acmhainn ar fáil chun an fhoghlaim agus deiseanna cruthaitheacha a fheabhsú don scoláire. Is mór an tábhacht a bhaineann leis sin i ngeall ar an méadú atá tagtha ar an raon feidhmchlár ceoil agus an iliomad pacáistí bogearraí is féidir a úsáid chun tacú le cleachtais cheoil i réimsí amhail nodaireacht, cruthú, agus anailís cheoil, uirlisí fíorúla, taifeadadh, meascadh agus táirgeadh ceoil.

Ba chomhthionscnamh ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG), mar a bhí an tráth sin, i gcomhar leis an Roinn Oideachais (RO), i gcomhpháirt leis an gComhairle Ealaíon, í Cairt na nEalaíon san Oideachas (2012). Tugadh faoi athbhreithniú ar an gcairt in 2020. Tá sé d'aidhm aici na healaíona a chomhtháthú sa chórais oideachais agus béim á leagan ar an tábhacht atá leis na healaíona chun cruthaitheacht a chothú agus an scoláire iomlán a fhorbairt.

I mí Mheán Fómhair 2015, mar chuid den chairt, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon straitéis deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, ina leagtar amach na haidhmeanna atá aici chun forbairt na n-ealaíon a stiúradh in Éirinn. Is é is aidhm den tríú foilseachán, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Plean Trí Bliana 2023-2025*, leanúint d'infheistíocht a dhéanamh ar son páistí agus daoine óga. Cuid den infheistíocht seo is ea €3 mhilliún don tionscnamh *Scoileanna Ildánacha* gach bliain i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais. Luaitear sa tuarascáil gur shroich an tionscnamh sin 831 scoil agus go bhfostaítear 80 comhlach cruthaitheach mar chuid de chun dul i mbun oibre leis na scoileanna sin.

Tá sé d'aidhm ag Óige Ildánach deiseanna le haghaidh gníomhaíocht agus rannpháirtíocht sa chruthaitheacht a mhéadú san oideachas foirmiúil agus i suíomhanna taobh amuigh den scoil

araon. Tá An Plean Óige Ildánach (2023 – 2027) bunaithe ar roinnt príomhphrionsabal: Éistimid, Comhoibrímid, Bímid nuálach agus Bímid Ionchuimsitheach. Ó tugadh isteach an plean, is ann do raon leathan tionscadal agus tionscnamh atá ar fáil chun tacú le daoine óga i réimse na cruthaitheachta. Ar na tionscadail agus na tionscnaimh sin tá Creative Clusters, DesignSKILLS agus Tionscadail um Sparánachtaí le haghaidh Luathbhlianta agus Cúraim.

Mar chuid den Phlean Óige Ildánach, d'fhógair an Roinn Oideachais seoladh BLAST (*Bringing Live Arts to Students and Teachers* / Na hEalaíona Beo a Thabhairt os comhair Scoláirí agus Múinteoirí). I gcaitheamh na scoilbhliana 2024/2025, cumasóidh BLAST 425 cónaitheacht nua ealaíon san oideachas i scoileanna agus é mar aidhm leis am agus spás a chur ar fáil do scoláirí le bheith ag obair le healaíontóir gairmiúil/cleachtóir cruthaitheach ar thionscadail shamhlaíocha agus chruthaitheacha. Tá sé d'aidhm ag an tionscadal tacú le forbairt scileanna agus inniúlachtaí, cuir i gcás comhoibriú, smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach agus nuálaíocht. Is tionscnamh eile den Phlean Óige Ildánach é Cruinniú na nÓg atá deartha chun cumas cruthaitheach daoine óga a scaoileadh trí réimse leathan d'imeachtaí cruthaitheacha, lena n-áirítear ceol, amharcealaíona, damhsa agus códú.

Le Cruthaitheacht Oide (dár gaireadh *Na hEalaíona sa tSraith Shóisearach* roimhe seo) cuirtear i láthair sraith d'eispéiris foghlama ghairmiúla atá oscailte do gach múinteoir chun tacú lena gcuid rannpháirteachais sna healaíona agus san fhoghlaim. Dearadh na heispéiris foghlama sin chun modheolaíochtaí praiticiúla cruthaitheacha a chur ar fáil do mhúinteoirí le húsáid ina gcleachtas ranga. Is é an fhís atá ag Cruthaitheacht Oide ná go mbeadh gach múinteoir in ann meas a léiriú ar na healaíona agus ar chleachtais chruthaitheacha, go mbainfidís taitneamh astu agus go saibhreofaí iad dá mbarr, agus go mbreathnóidís ar an gcruthaitheacht mar chuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaim a chuireann feabhas ar an bhfolláine agus ar an gcleachtas machnamhach. Cuirtear ceardlanna ar fáil do mhúinteoirí go náisiúnta ar bhonn pearsanta agus ar líne araon.

Is é an misean atá ag Music Generation ná páistí agus daoine óga in Éirinn, ó 0 go 18 mbliana d'aois, a chumasú chun a lánchumas a bhaint amach trí rochtain ar oideachas ceoil taibhithe agus rannpháirtíocht ann. I láthair na huaire, tá 25 ceantar Music Generation in Éirinn a chuireann tionscnaimh oideachais ceoil ar fáil chun páistí agus daoine óga atá ag cur fúthu agus ag foghlaim ina gceantar a mhealladh agus a spreagadh.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Athbhreithníodh siollabas Cheol na hArdteistiméireachta in 1996 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 1999. Is é is aidhm dó ná leanúnachas agus dul chun cinn a chothú sna hinniúlachtaí a foghlaimíodh trí shiollabas an Teastais Shóisearaigh agus oideachas i gceol a chur ar fáil do gach scoláire. Cothaíonn sé forbairt na cruthaitheachta, an bhraith agus na féithe ceoil trí pháirt ghníomhach a ghlacadh le linn do cheol a bheith á chloisteáil, á chasadh nó á chumadh. Tugadh isteach sonraíocht nua le haghaidh Churaclam Ceoil na sraithe sóisearaí in 2018.

- Tá iarracht níos mó á déanamh chun cruthaitheacht agus rannpháirtíocht sa cheol a chothú i measc scoláirí agus múinteoirí agus tionscnaimh agus beartais á dtabhairt isteach amhail Cairt na nEalaíon san Oideachas (2012), an Plean Óige Ildánach (2023 – 2027), BLAST, Cruinniú na nÓg, Cruthaitheacht Oide agus Music Generation.

- Sa chomhthéacs a bhaineann le deiseanna a mhéadú le rochtain a fháil ar an gcruthaitheacht agus ar an rannpháirtíocht sa cheol, tá athbhreithniú ar churaclam Cheol na hArdteistiméireachta tábhachtach agus tráthúil.

# 2. Ceol sa churaclam

Cuireann an chuid seo forléargas ar fáil ar na deiseanna foghlama a bhaineann le Ceol atá ar fáil don scoláire faoi láthair laistigh de chláir na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí. Dírítear ansin ar na rátaí rannpháirtíochta i gCeol na hArdteistiméireachta agus fiosraítear léargais ón Tuarascáil is déanaí ón bPríomhscrúdaitheoir agus déantar breithniú ar fhoghlaim ábhartha ó thuarascálacha cigireachta ábhair ón Roinn Oideachais (RO).

## Ceol sa tsraith shóisearach

### Ceol na Sraithe Sóisearaí

I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach 2015, tugadh isteach sonraíocht athbhreithnithe ábhair le haghaidh Cheol na Sraithe Sóisearaí i scoileanna i Meán Fómhair 2018, ag teacht isteach in ionad shiollabas Cheol an Teastais Shóisearaigh (1989). Tá sé d'aidhm ag an tsonraíocht atá bunaithe ar thorthaí foghlama '*...cur le forbairt na feasachta agus na tuisceana ealaíonta*', rud a leathnóidh cumais an scoláire chun ceol barántúil agus bunaidh a chruthú agus a bheith rannpháirteach ann le haghaidh shaol ceolmhar an lae inniu trí bhíthin trí shnáithe idirnasctha: Eolas gnásúil, Nuáil agus samhlaigh agus Cultúr agus comhthéacs (CNCM, 2017, lch 6).

Barrfheabhsaítear rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire trí thaithí iomlán chomhtháite ar fud na dtrí shnáithe seo. Chun níos mó béime arís a chur ar shaintréith chomhtháite na foghlama, cuirtear torthaí gach snáithe i ngrúpaí ach thagairt a dhéanamh do thrí ghné. Cruthú agus iniúchadh, Rannpháirtíocht agus déanamh ceoil agus Breithmheas agus freagairt a thabhairt. Ag bogadh ar aghaidh ó shiollabas ina raibh ábhar éisteachta dualgais agus roghnach araon, cuireann an tsonraíocht athbhreithnithe solúbthacht agus neamhspleáchas ar fáil do mhúinteoirí chun foghlaim a éascú ina léirítear spéiseanna, roghanna agus spiorad cruthaitheach na scoláirí féin.

Baineann athrú suntasach eile i gCeol na Sraithe Sóisearaí le réimse an mheasúnaithe. Déantar cleachtais um measúnú foirmitheach, le hais an dá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) sa Cheol, a chomhlánú le scrúdú praiticiúil (30%) agus scrúdú scríofa (70%), agus is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a mharcálann an dá cheann acu sin. Tá na MRBanna deartha chun deis a thabhairt don scoláire tuiscint agus scileanna a léiriú ar bhealach nach bhféadfaí a dhéanamh i scrúdú scríofa traidisiúnta. Measúnú Rangbhunaithe 1: Déantar measúnú ar an bPunann Chumadóireachta sa dara bliain agus cuireann sé deis ar fáil don scoláire le ceiliúradh a dhéanamh ar a chuid gnóthachtálacha mar chruthaitheoir ceoil. Measúnú Rangbhunaithe 2: Déantar measúnú ar an Nóta Cláir sa tríú bliain agus tá sé deartha chun eolas a chur ar fáil don lucht éisteachta maidir leis an inneachar do scrúdú taibhithe praiticiúil an scoláire atá le teacht.

Mar chuid den scrúdú praiticiúil, taibhíonn an scoláire trí cinn d'amhráin/píosaí ceoil. Féadfar taibhiú aonair agus grúpa a mheascadh ar uirlisí éagsúla nó tríd an nguth agus uirlisí le chéile. Ceapadh an tsonraíocht d'íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirteachas ar an amchlár.

Tugadh faoi Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath ar Cheol na Sraithe Sóisearaí in 2024. Cuireadh fáilte leathan roimh an tsolúbthacht arna cur ar fáil ag an tsonraíocht agus bhíothas den tuairim go méadaítear ábharthacht an cheoil don scoláire agus an taitneamh a bhaineann sé as le fócas ar chruthaitheacht agus ar dhéanamh ceoil. Breathnaíodh ar chur i bhfeidhm MRBanna mar rud dearfach ar an iomlán agus cuireadh fáilte roimh ghnéithe ar nós forbairt príomhscileanna,

rogha an scoláire agus modhanna measúnaithe difriúla. Cuireadh fáilte leathan roimh pharaiméadair an scrúdaithe phraiticiúil freisin ar measadh go raibh siad ionchuimsitheach agus gur éascaigh siad úinéireacht an scoláire ar dhéanamh ceoil. Breathnaíodh ar an scrúdú scríofa mar rud a dhaingníonn an cur chuige neamhlíneach chun dul i ngleic leis an tsonraíocht agus chun nádúr comhtháite na foghlama sa cheol a chur chun cinn. Bhí aiseolas ann inar cuireadh in iúl go raibh easpa leanúnachais agus dul chun cinn ann idir an tSraith Shóisearach agus Ceol na hArdteistiméireachta. Cuireadh roinnt imní in iúl i ndáil le béim laghdaithe ar fhorbairt scileanna litearthachta ceoil agus anailíse criticiúla agus sainaithníodh an gá atá le soiléireacht bhreise i ndáil le roinnt torthaí foghlama. Tá na torthaí ón athbhreithniú sin tráthúil agus cuireann siad mionsonraí tábhachtacha ar fáil is fiú a bhreithniú i gcomhthéacs curaclaim athbhreithnithe le haghaidh Cheol na hArdteistiméireachta.

### Gearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne

Ach Gearrchúrsaí a chur ar fáil sa tsraith shóisearach cuirtear tuilleadh deiseanna ar fáil don scoláire le bheith rannpháirteach sna ealaíona. Cuireann Taibhiú Ealaíne: Rannpháirtíocht sna hEalaíona creat ar fáil do scoileanna chun raon disciplíní ealaíonta a thairiscint do scoláirí. Tugann sé an deis don scoláire a bheith rannpháirteach sa phleanáil le haghaidh taibhiú ealaíne agus páirt a ghlacadh sa taibhiú féin. Leagtar amach an tsonraíocht bunaithe ar thrí shnáithe: Taithí a fháil ar na hEalaíona (léargas a fháil ar an bhfoirm ealaíne, an chaoi a gcuirtear in iúl í agus róil fhéideartha); Pleanáil agus ullmhú (taighde, breathnú agus cleachtadh); agus Rannpháirtíocht agus taibhiú (scileanna a forbraíodh i dtaibhiú deiridh a léiriú agus a chur in iúl). Déantar measúnú ar an gcúrsa seo trí Mheasúnú Rangbhunaithe amháin ar thaispeántas an ghrúpa agus tugtar aitheantas do smacht teicniúil, cruthaitheacht, léirmhíniú agus obair foirne. I measc na roghanna taibhithe tá dráma scoile nó ceoldráma a stáitsiú nó script scáileáin a scríobh, a chur in eagar agus a scannánú.

## Ceol sa tsraith shinsearach

Bíonn an deis ag an scoláire sa tsraith shinsearach staidéar a dhéanamh ar ábhar an Cheoil trí chláir na hArdteistiméireachta Bunaithe (ATB) agus na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF). Cuireann an Idirbhliain leibhéal ard neamhspleáchais agus solúbthachta ar fáil do scoileanna le linn dóibh a gcláir a dhearadh. San Idirbhliain, d'fhéadfadh sé go mbeadh deis ag an scoláire a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim a bhaineann leis an gceol ag brath ar dhearadh chlár Idirbhliana na scoile. Go traidisiúnta, i roinnt mhaith scoileanna, tugtar faoi cheoldráma nó léiriú drámaíochta bliantúil sa scoil le linn na hIdirbhliana.

I mí Mheán Fómhair 2024, mar chuid d'athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, foilsíodh Ráiteas úr don Chlár Idirbhliana. Dearadh an ráiteas cláir nua *'thart ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an scoláire agus é ag aistriú ón tsraith shóisearach isteach sa tsraith shinsearach'* (RO, 2024, lch 7). Déantar cur síos ar an bhfoghlaim don scoláire agus ar na heispéiris a fhéadfaidh tacú le forbairt an scoláire i gceithre Ghné Scoláire: Fás Pearsanta, A bheith i d'Fhoghlaimeoir, Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail, agus Taighde Gairme.

### An Ardteistiméireacht Bhunaithe

In Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2002), leagadh béim ar an riachtanas le haghaidh deiseanna breise don scoláire sa tsraith shinsearach le bheith rannpháirteach sna healaíona cruthaitheacha. Tá ábhar nua Ardteistiméireachta, Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht, le cur i bhfeidhm i roinnt scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh. Cuireann an t-ábhar sin le réimse na n-ábhar praiticiúil, bunaithe ar na healaíona,

i gcuraclam na sraithe sinsearaí, ag spreagadh agus ag cur chun cinn oideachas leathan. San ábhar sin, tacófar leis an scoláire a chuid scileanna cruthaitheacha agus smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt agus foghlaim lena chuid inniúlachtaí a chur i bhfeidhm i gcásanna cruthaitheacha.

Tugadh siollabas reatha Cheol na hArdteistiméireachta isteach sa bhliain 1996 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 1999. Is iad seo a leanas aidhmeanna an tsiollabais:

- leanúnachas agus dul chun cinn a chothú sna hinniúlachtaí a foghlaimíodh trí shiollabas an cheoil don Teastas Sóisearach agus é sin a dhéanamh de réir riachtanas sainiúil agus riachtanas speisialta an duine aonair
- oideachas i gceol a chur ar fáil do gach scoláire, cé acu a leanann siad ar aghaidh go staidéar breise nó gairm bheatha sa cheol nó nach leanann
- forbairt na cruthaitheachta, an bhraith agus na féithe ceoil a chothú trí pháirt ghníomhach a ghlacadh le linn do cheol a bheith á chloisteáil, á chasadh nó á chumadh
- tréith na ceolmhaireachta agus an chur in iúl a chothú
- spéis aireachtála sa cheol a shaothrú mar aon le taitneamh a bhaint as ceolchasadh
- spiorad na fionraíochta ceoil a chothú
- an acmhainn léirmheastach agus an acmhainn samhlaíochta a fhorbairt.
  (ROS, 1996, lch 1)

Leanann struchtúr shiollabas Cheol na hArdteistiméireachta ar aghaidh ó shiollabas an Teastais Shóisearaigh 1989 agus trí ghníomhaíocht cheoil riachtanacha i gceist: cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú. Is iad na cuspóirí atá ann ná go bhfaighidh an scoláire oiread eolais agus tuisceana agus is gá chun a chur i gcumas dó ceoléisteacht agus cumadóireacht a chleachtadh le breis inniúlachta agus suime agus go mbeadh an scoláire feasach maidir le scileanna taibhithe agus go gcothódh sé tuiscint i dtaobh cé mar a shaibhríonn ceol na gnéithe sóisialta, stairiúla, teicneolaíocha, geilleagracha agus cultúrtha den saol.

## Ceol na hArdteistiméireachta i bhfócas

Sa chuid seo fiosraítear rátaí rannpháirtíochta i gCeol na hArdteistiméireachta ag tarraingt ar staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus soláthraítear forléargas ar an measúnú don teistiúchán agus léargas ó thuarascálacha ó CSS agus ón Roinn Oideachais (RO).

### Rannpháirtíocht an scoláire

Tháinig méadú ar líon na scoláirí a ghabhann don Ardteistiméireacht idir 2019 agus 2024. Tháinig laghdú beag ar rátaí rannpháirtíochta sa cheol (1.04%) laistigh den tréimhse chéanna, mar a chuirtear in iúl i dTábla 1 thíos.

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Líon Iomlán na nIarrthóirí | Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta | Ceol mar % d'iarrthóirí iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 6,234 | 425 | 6,659 | 56,071 | 11.87% |
| 2020 | 6,509 | 427 | 6,936 | 57,569 | 12.04% |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 6,435 | 425 | 6,860 | 59,852 | 11.46% |
| 2022 | 6,234 | 485 | 6,719 | 58,056 | 11.57% |
| 2023 | 5,869 | 416 | 6,285 | 58,006 | 10.83% |

Tábla 1: Líon na scoláirí a rinne Ceol na hArdteistiméireachta ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal 2019-2023/4

Leis na staitisticí sin soláthraítear léiriú ar an ngá atá le líon na scoláirí a ghabhann don cheol faoi láthair a choinneáil, chomh maith le machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir an tóir ar an ábhar a leathnú agus níos mó scoláirí a mhealladh chuig an ábhar. Beidh sé sin ina ábhar machnaimh tábhachtach agus an t-ábhar á athfhorbairt.

## Measúnú don teistiúchán

Tá Ceol na hArdteistiméireachta ar fáil ar dhá leibhéal faoi láthair: gnáthleibhéal agus ardleibhéal. Ar an dá leibhéal, ní mór do gach scoláire staidéar a dhéanamh ar thrí chomhpháirt riachtanacha: Cumadóireacht, Éisteacht agus Taibhiú agus leithdháiltear 100 marc ar gach comhpháirt agus is ionann iad agus 25% de na marcanna foriomlána don toradh deiridh.

| | | |
|---|---|---|
| Comhpháirt éisteachta: | 100 marc | 25% |
| Comhpháirt éisteachta: | 100 marc | 25% |
| Comhpháirt taibhithe: | 100 marc | 25% |

Tá 400 marc ar fáil san iomlán ar ghnáthleibhéal agus ardleibhéal araon.

Ar ghnáthleibhéal caitear leis an gcomhpháirt ina ngnóthaíonn an scoláire an marc is airde mar chomhpháirt ualaithe agus déantar é a athualú go marc as 200. Leis na comhpháirteanna eile, a bhfuil leithdháileadh acu 100 marc an ceann, tugtar an t-iomlán go 400 marc.

Ar ardleibhéal, ceaptar an struchtúr measúnaithe chun an deis a thabhairt don scoláire ceann de na trí chomhpháirt den chúrsa a roghnú agus speisialtóireacht a dhéanamh inti, agus suas le 50% de na marcanna iomlána atá ar fáil a ghnóthú sa chomhpháirt is fearr a oireann dá chuid scileanna, spéiseanna agus cumas. Ceanglaíonn an struchtúr go n-ainmneoidh an scoláire ceann amháin de na trí chomhpháirt dá rogha féin mar a chomhpháirt roghnach. I gcás gach comhpháirte a ainmnítear, ní mór don scoláire tabhairt faoi staidéar breise. Luaitear i dTuarascáil an Phríomhscrúdaitheora don Cheol (2012) gur roghnaigh 99.7% de na scoláirí a rinne staidéar ar an ardleibhéal in 2012 an chomhpháirt roghnach ardleibhéil agus iad ag taibhiú.

Déanann scrúdaitheoirí seachtracha arna gceapadh ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) measúnú ar an gcomhpháirt taibhithe le linn mhí an Mhárta/mhí Aibreáin den séú bliain de ghnáth. Déantar measúnú ar na comhpháirteanna cumadóireachta agus éisteachta trí scrúduithe cluastuisceana agus scríofa faoi seach, agus reáchtáiltear i mí an Mheithimh den séú bliain iad agus maireann an dá cheann 90 nóiméad. Tugtar léargas ar inneachar na measúnuithe sin i dTábla 2 thíos.

| Comhpháirt Scrúdaithe | Riachtanais Ghnáthleibhéil | Riachtanais Ardleibhéil | Formáid agus fad an scrúdaithe |
|---|---|---|---|
| **Comhpháirt Phraiticiúil** | Ní mór don scoláire tástáil neamhullmhaithe amháin a chur i láthair mar aon le gníomhaíocht taibhithe amháin ar an ngnáthleibhéal:<br>Dhá amhrán nó phíosa ceoil atá ullmhaithe nó<br>Dhá phíosa ceoil ina dtaispeántar cineál amháin tobchumadóireachta nó<br>Dhá phíosa ceoil nó amhrán a stiúradh agus ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe nó<br>Scór amháin ina bhfuil dhá chuid a ionchur trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht, é a chlóbhualadh, a thaifeadadh, a shábháil, a dhúnadh, a aisghabháil agus trí cinn de leasuithe a dhéanamh air. | Ní mór don scoláire tástáil neamhullmhaithe amháin a chur i láthair mar aon le gníomhaíocht taibhithe amháin ar an ardleibhéal nó dhá ghníomhaíocht taibhithe ar an ngnáthleibhéal. Gníomhaíochtaí taibhithe ar an ardleibhéal:<br>Trí amhrán nó phíosa ceoil atá ullmhaithe nó<br>Trí phíosa ceoil ina dtaispeántar trí chineál tobchumadóireachta nó comhcheangail nó<br>Trí phíosa ceoil nó amhrán a stiúradh agus ceisteanna a fhreagairt ar scór neamhullmhaithe nó<br>Scór amháin ina bhfuil dhá chuid a ionchur, a chlóbhualadh, a thaifeadadh, a shábháil, a dhúnadh, a aisghabháil agus sé cinn de leasuithe a dhéanamh air agus dhá phíosa ceoil a sheinm ó stór leictreonach, nó fuaimrian taca dá c(h)uid féin a chur le chéile roimh ré agus seinm leis.<br>Ní mór don scoláire a thugann faoin gcúrsa roghnach sa taibhiú ar an ardleibhéal clár a thaibhiú ina léirítear forbairt bhreise ar na riachtanais ardleibhéil. | Is iondúil go ndéanann scrúdaitheoir seachtrach arna cheapadh ag CSS é sin i mí an Mhárta/mí Aibreáin.<br>Uasmhéid ama ar ghnáthleibhéal – 10 nóiméad.<br>Uasmhéid ama ar ardleibhéal (25%) – 15 nóiméad.<br>Uasmhéid ama don chomhpháirt roghnach ar ardleibhéal (50%) – 25 nóiméad. |
| **Comhpháirt Chumadóireachta** | Ocht mbarra de shéis a scríobh ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:<br>• Mar leanúint ar oscailt a thugtar nó<br>• Mar shoiléiriú ar théacs a thugtar nó<br>• Ag cumadh de réir rithim rince nó méadar nó leagan a thugtar,<br>Cleachtaí armóine ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:<br>• Ag cumadh séise nó nótaí doird ó thacar de chordaí a thugtar nó<br>• Ag cur nótaí doird agus comharthaí cordaí oiriúnacha ar fáil ag ionaid dúnta nó<br>• Ag cur nótaí forshéise agus comharthaí cordaí oiriúnacha ar fáil ag ionaid dúnta, | Sé bharra dhéag de shéis a scríobh ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:<br>• Mar leanúint ar oscailt a thugtar nó<br>• Soiléiriú ar théacs a thugtar nó<br>• Ag cumadh de réir rithim rince nó méadar agus/nó leagan a thugtar.<br>Cleachtaí armóine ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:<br>• Ag cumadh séise nó nótaí doird ó thacar de chordaí a thugtar nó<br>• Ag cumadh nótaí doird agus comharthaí cordaí a ghabhfadh le fonn ar leith nó<br>• Ag cur frithshéise nó tacaíocht chordúil forshéise ar fáil a ghabhfadh le fonn ar leith. | Scrúdú scríofa i mí an Mheithimh<br>1 uair 30 nóiméad ar fhad |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Ní mór don scoláire a thugann faoi chomhpháirt roghnach sa chumadóireacht ar an ardleibhéal déanamh amhlaidh trí obair bhreise a chur i gcrích i bpunann. | |
| **Comhpháirt Éisteachta** | Ceisteanna a fhreagairt bunaithe ar cheithre shaothar dualgais, ceol Éireannach agus Scileanna Cluastuisceana. Is ann do dhá ghrúpa de Shaothair Dhualgais a thagann in ionad a chéile gach trí bliana. | Ceisteanna a fhreagairt bunaithe ar cheithre shaothar dualgais, ar an gCeol Éireannach agus ar Scileanna cluastuisceana. Is ann do dhá ghrúpa de Shaothair Dhualgais a thagann in ionad a chéile gach trí bliana. Roghnóidh an scoláire a thugann faoi chúrsa roghnach sa chomhpháirt éisteachta ar an ardleibhéal a t(h)opaic speisialta féin le staidéar a dhéanamh air, faoi réir na gcritéar a leagtar amach sa siollabas. | Scrúdú scríofa i mí an Mheithimh<br>1 uair 30 nóiméad ar fhad |

Tábla 2: Breac-chuntas ar riachtanais mheasúnaithe sa Cheol gnáthleibhéil agus ardleibhéil.

## Léargas ó na Tuarascálacha Cigireachta ón Roinn Oideachais le déanaí

Le linn an Cháipéis Eolais agus an Treoir a ullmhú, scrúdaíodh na Tuarascálacha Cigireachta don Cheol ón Roinn Oideachais le cúig bliana anuas. Sna tuarascálacha cigireachta sin ní scrúdaítear cleachtais a bhaineann go sonrach le Ceol na hArdteistiméireachta ach cuirtear léargas luachmhar ar fáil ar na cineálacha eispéireas foghlama a mbíonn an scoláire ag gabháil dóibh sa cheol agus moltar cineálacha cur chuige is fiú a bhreithniú agus an t-ábhar á athfhorbairt.

Ar fud na dtuarascálacha sonraíodh go láidir gur rathúla iad na heispéiris foghlama nuair a rinneadh na trí dhisciplín den cheol (cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú) a chomhtháthú, a chur i gcomhthéacs agus a fhréamhú go héifeachtach i ngníomhaíochtaí déanta ceoil agus éisteachta atá fiúntach agus praiticiúil.

Ina theannta sin, moltar go minic sna tuarascálacha go gcuirfí deiseanna ar fáil don scoláire chun naisc fhiúntacha a dhéanamh idir an chumadóireacht agus an ceol san fhíorshaol. Moladh go dtabharfaí an deis don scoláire lena chuid saothar cumadóireachta a thaibhiú nó éisteacht leo sa chaoi gur féidir iad a leasú nó a choigeartú. I roinnt tuarascálacha, aithníodh gurbh é an taithí a bhí ag an scoláire ar an gcumadóireacht ná gur cleachtadh teoiriciúil teicniúil é agus rinneadh tagairt do 'leideanna agus seifteanna' a chumadh le cuidiú leis an scoláire gnéithe teicniúla den chumadóireacht a fhoghlaim. I gcás ina bhfuarthas taithí ar ghnéithe teoiriciúla den cheol, moladh an cur chuige 'fuaim roimh shiombail' lena chur ar chumas an scoláire paraiméadair an cheoil a fhiosrú ar bhealach níos fiúntaí, coincheapa an cheoil a threisiú, tuiscint a fhorbairt ar an bpróiseas cumadóireachta agus an scoláire a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar bhealach ceolmhar.

## Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora

Sa Tuarascáil is déanaí ón bPríomhscrúdaitheoir le haghaidh Ceoil (CSS, 2012), tugtar léargas ar na roghanna a rinne scoláirí sa scrúdú agus cuirtear breathnuithe ar fáil ón bPríomhscrúdaitheoir.

Luaitear sa tuarascáil gur roghnaigh 19 scoláire in 2012 (0.3% de na hiarrthóirí AL) cúrsa roghnach a chur i láthair ar an ardleibhéal, i gcomhpháirt cé is moite den taibhiú (.i. cumadóireacht nó éisteacht). Roghnaigh 99.7% acu cúrsa roghnach taibhithe ar an ardleibhéal. San aiseolas a bhain leis an taibhiú, tugtar le fios sa tuarascáil gurbh é seánra an phopcheoil an stíl ab fhearr leis na scoláirí, cé go ndearna siad cur i láthair freisin i réimsí amhail rap, teicneolaíocht agus ceol traidisiúnta na hÉireann agus ar uirlisí traidisiúnta agus neamhdhúchasacha araon. Tugtar le fios sa tuarascáil go ndearna roinnt scoláirí a gcuid saothar cumadóireachta féin a thaibhiú. Ba iad amharcléamh agus rithim chluaschuimhne na trialacha neamhullmhaithe ba mhór leis na scoláirí ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal araon.

Sainaithníodh easpa scileanna anailíse criticiúla, an inniúlacht le freagraí tuairisciúla nó mínitheacha a chur ar fáil ar an leibhéal riachtanach agus easpa eolais ar roinnt téarmaíochtaí ceoil mar dhúshláin a bhain do na scoláirí le linn dóibh an scrúdú éisteachta a dhéanamh.

Sa scrúdú cumadóireachta, éilítear ar an scoláire ceist cumadóireachta séise amháin agus ceist cumadóireachta armóine amháin a dhéanamh. Tugtar le fios sa tuarascáil gur ghlac formhór na scoláirí an dá rogha chéanna as na sé cinn a bhí ar fáil dóibh agus é sin ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal araon. Ba é an rogha séise ba mhór leis na scoláirí ná *Leanúint ar oscailt a thugtar*

agus ba é an rogha armóine ba mhór leo ná *Ag cumadh nótaí doird agus comharthaí cordaí a ghabhfadh le fonn ar leith*.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tugadh isteach Ceol na Sraithe Sóisearaí in 2018. Cuireann sé cur chuige idirnasctha agus comhtháite chun cinn trí bhíthin na dtrí shnáithe agus na dtrí ghné. Gabhtar foghlaim an scoláire trí bhíthin dhá Mheasúnú Rangbhunaithe agus trí bhíthin scrúdú praiticiúil agus scríofa.

- Le hAthbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath ar Cheol na Sraithe Sóisearaí (2024) tarraingítear aird ar roinnt deiseanna agus dúshlán a bhaineann leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm.

- Tá béim á leagan ar thacaíocht a thabhairt don scoláire gabháil do na healaíona cruthaitheacha sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Agus gearrchúrsa na sraithe sóisearaí Taibhiú Ealaíne: Is amhlaidh a chuirtear le réimse na n-ábhar praiticiúil, ealaínbhunaithe atá ar an gcuraclam trí mheán Rannpháirtíocht sna hEalaíona a chur ar fáil agus tríd an ábhar nua, Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht a thabhairt isteach.

- Tá raon deiseanna ag an scoláire sa tsraith shinsearach le bheith rannpháirteach i bhfoghlaim a bhaineann le ceol ar fud na sraithe sinsearaí sa leagan reatha de chlár na hArdteistiméireachta Bunaithe, clár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus clár na hIdirbhliana.

- Tugadh Ceol na hArdteistiméireachta isteach in 1996 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 1999. Ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal araon, éilítear ar an scoláire staidéar a dhéanamh ar thrí chomhpháirt riachtanacha: Cumadóireacht, Éisteacht agus Taibhiú.

- Is éard atá sa mheasúnú deiridh le haghaidh Cheol na hArdteistiméireachta ná scrúdú praiticiúil agus dhá scrúdú scríofa. Tá roinnt roghanna ann don scoláire le cur i láthair don scrúdú praiticiúil, lena n-áirítear taibhiú grúpa/aonair, taibhiú de réir a thionlacain féin agus úsáid na teicneolaíochta.

- Sa scrúdú Cumadóireachta, éilítear ar an scoláire ceist séise amháin agus ceist armóine amháin a dhéanamh. Luaitear i dTuarascáil an Phríomhscrúdaitheora go mbíonn scoláirí ag gabháil do líon beag roghanna sa scrúdú cumadóireachta.

- Sa chluastuiscint, déantar measúnú ar fhoghlaim an scoláire i ndáil le ceithre phíosa dualgais ceoil, le stair cheol, amhránaíocht agus rince traidisiúnta na hÉireann, agus le scileanna cluastuisceana.

- Sna tuarascálacha cigireachta scoile don Cheol ón Roinn Oideachais le déanaí leagtar béim ar an ngá atá le heispéiris foghlama chun cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú a chomhtháthú. Moltar deiseanna iontu don scoláire chun naisc fhiúntacha a dhéanamh idir

an chumadóireacht agus an ceol san fhíorshaol agus go mbeadh deiseanna aige lena chuid saothar cumadóireachta féin a thaibhiú nó éisteacht leo.

# 3. Léargas ó chuairteanna ar scoileanna

Reáchtáladh cuairteanna scileanna mar chuid den obair mheasta don Scrúdpháipéar seo. Roghnaíodh sampla ionadaíoch ó na 48 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh sna forbairtí sa churaclam ceoil. Roghnaíodh sé scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2024 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le 41 scoláire sa tsraith shinsearach, 11 mhúinteoir Ceoil agus 15 cheannaire scoile. Sa chuid seo a leanas soláthraítear forléargas ar an léargas a bailíodh ó na cuairteanna sin.

## Cur Chuige i leith Comhpháirteanna Ceoil a Chomhtháthú

Tarraingíodh aird san aiseolas gur beag comhtháthú a dhéantar ar na comhpháirteanna ceoil sa chumadóireacht, san éisteacht agus sa taibhiú. Tugadh le fios ann go raibh baint ag scaradh na gcomhpháirteanna le ró-ualach ábhair, struchtúr an tsiollabais, ach gur bhain sé go príomha le hintuarthacht maidir le struchtúr measúnaithe an scrúdaithe ceann cúrsa. I gcás ina bhfuil roghanna ar fáil sa siollabas reatha, is iondúil go roghnaíonn an scoláire gabháil do réimsí fócasaithe ar fud an dá bhliain den staidéar. Leagtar amach aiseolas i ndáil le gach comhpháirt thíos.

**Cumadóireacht**

Ba léir ón aiseolas go raibh na rannpháirtithe den tuairim go bhfuil sé d'acmhainn ag an gceol cruthaitheacht, féinléiriú, teacht aniar, muinín agus taitneamh a spreagadh. Maidir leis an gcomhpháirt chumadóireachta, a bhféadfaí a rá go bhfuil sí ar cheann de na réimsí is tábhachtaí le haghaidh léiriú na cruthaitheachta ceoil, thug na rannpháirtithe le fios go raibh srian ag baint léi ar leibhéal na hArdteistiméireachta. Measadh gurb í an intuarthacht a bhaineann leis na ceisteanna sa scrúdú ceann cúrsa an phríomhchúis leis an srian sin.

Is beag tagairt a rinneadh, má rinneadh tagairt ar chor ar bith, don scoláire a bheith ag cumadh taobh amuigh de cheisteanna scrúdaithe a chríochnú nó ullmhúchán a dhéanamh ina leith. Rinneadh roinnt tagairtí do théamaí a úsáid as ábhair staidéir, cuir i gcás saothair dhualgais nó foinn an rince Ghaelaigh. Bhí úsáid na n-ábhar úd dírithe ar an scrúdú freisin.

Tugadh le fios san aiseolas, ó tharla gur ann do roghanna laistigh den tséis agus den armóin ar an scrúdpháipéar, go bhfágtar go mbíonn múinteoirí agus scoláirí ag déanamh speisialtóireacht i raon beag scileanna agus teicnící cumadóireachta. Sna scoileanna uile, thuairiscigh scoláirí agus múinteoirí nár ghabh siad ach do cheist séise amháin (Leanúint ar Oscailt a Thugtar) agus ceist armóine amháin (Ag cumadh nótaí doird agus comharthaí cordaí a ghabhfadh le fonn ar leith), as teaglaim fhéideartha de shé cinn atá ar fáil i gcaitheamh an dá bhliain den staidéar. Is annamh a gabhadh do scileanna agus teicnící cumadóireachta amhail forshéis, frithshéis agus soiléiriú ar théacs. Thuairiscigh múinteoirí gurbh é am an dúshlán ba mhó maidir le bheith ag gabháil do roghanna nó scileanna cumadóireachta eile. Ba é an t-aiseolas a chuir roinnt bheag múinteoirí in iúl ná gur leor na roghanna cumadóireachta atá ann faoi láthair agus gur cheart iad a fhágáil gan athrú.

Luaigh na scoláirí gur bhraith siad go raibh srian orthu ó thaobh na bhféidearthachtaí cruthaitheacha sa chumadóireacht de. Bhain an srian sin leis an gcaoi a raibh nodaireacht Cheol

Clasaiceach an Iarthair ar an aon rogha amháin atá ar fáil le haghaidh measúnú sa scrúdú faoi láthair. Mhol formhór na scoláirí agus roinnt múinteoirí gur cheart bealaí eile a fhiosrú don chumadóireacht, lena n-áirítear cumadóireacht ar uirlis agus úsáid a bhaint as leaganacha eile nodaireachta (táibléadach giotáir, teicneolaíochtaí digiteacha) agus an t-ábhar á athfhorbairt. Thuairiscigh na scoláirí go ndeachthas i ngleic leis an gcomhpháirt chumadóireachta ar bhealach teoiriciúil den chuid is mó, seachas ar bhealach praiticiúil. Tugadh le fios go láidir san aiseolas gurbh iondúil gur dhírigh an chumadóireacht sa rang ar shraith rialacha, leideanna agus seifteanna a úsáid mar aon le struchtúr chun na scoláirí a threorú agus a gcuid gníomhaíochtaí cumadóireachta á gcur i gcrích acu. Is amhlaidh a bhí de thoradh air sin gur cuireadh srian le deiseanna le haghaidh cruthaitheacht bharántúil agus forbairt scileanna agus teicnící eile.

Léiríodh ábhar dóchais san aiseolas go ndéanfaí machnamh cúramach le linn Ceol na hArdteistiméireachta a athfhorbairt ar dheiseanna a chur ar fáil do gach scoláire chun cumadóireacht a chruthú agus a fhiosrú ar bhealach a chuimseodh na stíleanna, formáidí, uirlisí agus spéiseanna uile atá acu. I measc moltaí sonracha a bhí ann le linn na gcuairteanna scoile, tá:

- gné den tsaorchumadóireacht a ionchorprú
- tacú le forbairt punainne cumadóireachta
- úsáid uirlisí agus/nó teicneolaíochta sa chumadóireacht a éascú
- deiseanna a chur ar fáil chun an chaoi a gcruthaíonn cumadóirí agus scríbhneoirí amhrán ceol san fhíorshaol a fhiosrú
- ábharthacht na cumadóireachta i bhfoghlaim an scoláire a mhéadú
- deiseanna a chur ar fáil don scoláire chun machnamh a dhéanamh ar a shaothar.

**Éisteacht:**

Chuir roinnt scoláirí in iúl gurbh í an chomhpháirt éisteachta an chomhpháirt ab fhearr leo. Bhí na scoláirí in ann í a cheangal lena gcuid foghlama roimhe seo i gceol na sraithe sóisearaí. Chuir na scoláirí in iúl go raibh siad sásta a gcuid eolais, tuisceana, scileanna agus smaointeoireachta criticiúla sa cheol a chur i bhfeidhm sa scrúdpháipéar. Bhraith roinnt scoláirí go raibh fócas róchúng ag baint leis na ceithre shaothar dualgais agus léirigh go raibh fonn orthu dul i ngleic le raon níos leithne de stíleanna agus seánraí ceoil. Thaitin sé le formhór na scoláirí go raibh roinnt ceoil ann nach ndearna siad staidéar air nó nach bhfaca siad roimhe, rud a tharraing ar eolas an scoláire ar fud an dá bhliain den fhoghlaim. Luaigh scoláirí agus múinteoirí gur mhaith leo níos mó deiseanna a fheiceáil chun dul i ngleic leis an gcineál sin foghlama i sonraíocht athfhorbartha.

Labhair múinteoirí agus scoláirí ar bhealach dearfach faoi fhorbairt na léitheoireachta scóir, scileanna anailíse agus na litearthachta ceoil. Bhíothas den tuairim gur bhain tábhacht le Ceol Traidisiúnta na hÉireann, ach measadh go raibh an raon ábhair agus inneachair róleathan, rud a d'fhág go mbíodh scoláirí ag foghlaim de ghlanmheabhair.

Thuairiscigh múinteoirí agus scoláirí gur cheart an t-ábhar dualgais a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhtháthú ar bhealach níos réidhe leis na comhpháirteanna cumadóireachta agus taibhithe. I measc na moltaí a bhí acu maidir le hathfhorbairt an ábhair, tá:

- raon níos leithne de stíleanna ceoil a chuimsiú, lena n-áirítear ceol córúil, ceol nua-aimseartha nó comhaimseartha, snagcheol, ceol rithim agus gormacha agus ceoldrámaíocht
- fairsinge na stíleanna agus na seánraí ceoil a mhéadú ionas gur féidir leis an scoláire a chuid eolais sa cheol agus a thuiscint ar an ngaol idir seánraí agus stíleanna éagsúla agus a gcomhthéacsanna stairiúla a leathnú
- neamhspleáchas agus solúbthacht níos mó a chur ar fáil don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na míreanna ar cheart éisteacht leo a roghnú
- fairsinge an ábhair a laghdú i gcás Cheol Traidisiúnta na hÉireann ar mhaithe le forbairt níos doimhne a dhéanamh ar scileanna cluastuisceana, litearthacht ceoil agus tuiscint sa seánra seo
- ionadaíochta na mban a mhéadú ar fud na sonraíochta.

**Taibhiú:**

Thuairiscigh ceannairí scoile, múinteoirí agus scoláirí gurbh í an chomhpháirt déanta ceoil nó taibhithe sa siollabas an ceann ba thábhachtaí ar mhaithe le ceolmhaireacht agus léiriú ceoil an scoláire a chothú. Bhí tuairim dhearfach ag formhór na múinteoirí agus na mbainisteoirí scoile maidir leis an deis chun suas le 50% den ghrád foriomlán a ghnóthú tríd an gcomhpháirt seo. Cé go bhfuil an 50% sin ar fáil sa chumadóireacht agus san éisteacht freisin, is amhlaidh a bhí na scoláirí uile sna fócasghrúpaí ag roghnú na comhpháirte roghnaí don taibhiú.

Ba dhíol spéise é gur thuairiscigh scoláirí agus múinteoirí araon go raibh roinnt scoláirí in ann gnéithe áirithe de na comhpháirteanna a chur i gcrích lasmuigh den rang ceoil. Bhain sé sin leis an gcomhpháirt taibhithe den chuid is mó. Mheas formhór na scoláirí a raibh an chomhpháirt sin á cur i gcrích acu lasmuigh den rang ceoil go raibh buntáiste ar leith ag baint leis. Cé go ndearna na scoláirí sin tagairt do chláir thaibhithe a chur le chéile agus do chleachtadh agus beachtú sa seomra ranga, is beag tagairt a rinneadh, má rinneadh tagairt ar chor ar bith, d'fhorbairt scileanna nó teicnící uirlise nó foghlaim leis an uirlis a sheinm laistigh den suíomh ranga. San aiseolas, luaigh na scoláirí sin go gcuirfidís fáilte roimh níos mó deiseanna lena scileanna taibhithe a fhorbairt i gcaitheamh an dá bhliain den staidéar ach úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite.

I scoileanna inar múineadh an chomhpháirt taibhithe sa suíomh ranga, thuairiscigh scoláirí agus múinteoirí go raibh siad ag gabháil don chumadóireacht, éisteacht agus taibhiú ar bhealach comhtháite. Ach scileanna taibhithe a fhorbairt laistigh den seomra ranga, is amhlaidh a rinneadh éascaíocht ar an bhfoghlaim chomhoibríoch, ina raibh an scoláire ag foghlaim le cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú a dhéanamh in éindí a chéile. Chuidigh an cur chuige sin leis na scoláirí teacht le chéile agus tuiscint a fháil ar idirnascthacht na cumadóireachta, na héisteachta agus an taibhithe.

Bhí na scoláirí uile sna fócasghrúpaí ag roghnú na comhpháirte roghnaí don taibhiú. Chuir roinnt scoláirí in iúl go raibh siad sásta leis an ualú don chomhpháirt roghnach ach bhí faitíos ar chuid eile díobh. Chuir formhór na múinteoirí in iúl go raibh siad sásta leis an ualú don chomhpháirt taibhithe. Tugadh le fios san aiseolas ó na múinteoirí gurbh ionann an chomhpháirt roghnach a phioc siad agus an ceann ba mhó a raibh siad ar a gcompord leis. Ba chosúil nach raibh cur amach ag múinteoirí agus scoláirí faoi na riachtanais i gcás comhpháirteanna roghnacha eile.

Cuireadh in iúl san aiseolas ar an rogha maidir le teicneolaíocht a úsáid mar chuid den mheasúnú taibhithe gur beag forbairt a rinneadh ar scileanna ceoil nó scileanna taibhithe. Measadh gur rud meicníoch é agus gur bhain sé le nós imeachta. Bhí an cheist le sonrú san aiseolas maidir le cé acu a bheadh nó nach mbeadh an teicneolaíocht dhigiteach ina cur chuige ní b'úsáidí chun scileanna cruthaitheachta agus cumadóireachta a fhorbairt, seachas scileanna taibhithe. Measadh gur thairbheach í an chomhpháirt roghnach ardleibhéil sa teicneolaíocht d'fhoghlaim an scoláire ós rud é go n-éilítear ar an scoláire fuaimrian taca a chur le chéile. Cuireadh in iúl san aiseolas ó na múinteoirí go raibh an rogha 'úsáideach' i gcás an scoláire nach raibh muinín aige agus é i mbun ceoltóireachta/amhránaíochta.

Maidir leis an ábhar a athfhorbairt, bhí na nithe seo a leanas ar na moltaí a tháinig chun cinn i ndáil leis an gcomhpháirt taibhithe:

- taibhiú a leabú laistigh den teagasc agus foghlaim laethúil sa seomra ranga
- cleachtas comhoibríoch a chur chun cinn i réimse an taibhithe
- foghlaim a chur chun cinn sa taibhiú i gcomhar leis an bhfoghlaim i réimsí na cumadóireachta agus na héisteachta
- ról agus cineál na teicneolaíochta digití i réimse an taibhithe a fhiosrú agus an teicneolaíocht dhigiteach a nuashonrú chun dul chun cinn teicneolaíochta nua-aimseartha a léiriú, rud a chuirfidh bealaí nua ar fáil le foghlaim agus dul i mbun ceoil.

Beidh comhtháthú na dtrí chomhpháirt – cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú – lárnach sna hábhair mhachnaimh maidir leis an ábhar a athfhorbairt. Beidh gá le scrúdú cúramach a dhéanamh ar an struchtúr (snáitheanna agus torthaí foghlama), an teanga agus na comhthéacsanna ina mbíonn an scoláire ag gabháil don cheol. Beidh gá le deiseanna a chur ar fáil do gach scoláire sa tsonraíocht le dul i ngleic le gach ceann de na comhpháirteanna laistigh den rang ceoil.

## Leanúnachas an churaclaim

Is é is aidhm don siollabas reatha ná '*leanúnachas agus dul chun cinn a chothú sna hinniúlachtaí a foghlaimíodh trí shiollabas an cheoil don Teastas Sóisearach*' (RO, 1996, lch 1). Ní haon ionadh é toisc gur cuireadh sonraíocht Cheoil na sraithe sóisearaí in ionad shiollabas an Teastais Shóisearaigh in 2018 gur shainaithin na rannpháirtithe easpa leanúnachais agus dul chun cinn sna scileanna agus sna cineálacha foghlama a ghnóthaítear tríd an tsraith shóisearach.

Is amhlaidh a rinne formhór na scoláirí i seisiúin na bhfócasghrúpaí staidéar ar cheol na sraithe sóisearaí. Chuir cuid mhaith múinteoirí agus scoláirí fáilte roimh an tsolúbthacht agus an neamhspleáchas a chuirtear ar fáil trí thorthaí foghlama na sraithe sóisearaí. Measúnú Rangbhunaithe 1: Ba mhinic a rinne na múinteoirí tagairt don Phunann Chumadóireachta as an acmhainn atá aici le tacú le rogha an scoláire agus cruthaitheacht a chothú. Luaigh scoláirí agus múinteoirí gur thaitin leo an tsaoirse chun ceol nua a chumadh agus a chruthú ach úsáid a bhaint as uirlisí, guthanna, nodaireacht thraidisiúnta agus bogearraí nodaireachta agus teicneolaíocht dhigiteach ar bhealaí éagsúla chun críoch éagsúil sa tsraith shóisearach. Chuir na múinteoirí fáilte roimh leathnú na bparaiméadar taibhithe sa tsraith shóisearach agus luaigh gur cheart machnamh den chineál céanna a dhéanamh agus an t-ábhar á athfhorbairt ar leibhéal na hArdteistiméireachta. Tuairiscíodh go raibh tionchar dearfach ag réimsí nua staidéir sa tsraith shóisearach amhail an tionscal ceoil, rithim amharcléimh agus tobchumadóireacht ar scileanna ceoil an scoláire agus é ag dul ar aghaidh chuig an Ardteistiméireacht.

Maidir le roinnt mhaith de na príomhscileanna a d'fhorbair an scoláire le linn na sraithe sóisearaí, go háirithe obair le daoine eile agus a bheith cruthaitheach, tuairiscíodh nach raibh siad chomh feiceálach céanna i gCeol na hArdteistiméireachta. B'in é a luaigh na scoláirí freisin agus iad ag iarraidh go mbeadh níos mó deiseanna acu le dul i mbun oibre i ngrúpaí agus iad ag cumadh ceoil, ag éisteacht leis agus á thaibhiú sa tsonraíocht athfhorbartha, cé gur aithin siad freisin go raibh tairbhe ag baint le hobair ar bhonn aonair.

Beidh sé ina ábhar machnamh tábhachtach agus an t-ábhar á athfhorbairt leanúnachas agus dul chun cinn a chur ar fáil san fhoghlaim agus sna scileanna a shealbhaítear trí shonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí.

## Scóip an ábhair:

Sna scoileanna uile ar tugadh cuairt orthu, tuairiscíodh gur tugadh tacaíocht don scoláire nach ndearna staidéar ar an ábhar sa tsraith shóisearach dul i ngleic leis an ábhar ar dtús, cé gur measadh gur dhúshlánaí a bhí sé don scoláire nár ghabh don amhránaíocht ná don cheoltóireacht. Tuairiscíodh go raibh gníomhaíochtaí ceoil san Idirbhliain ina spreagadh chun scoláirí a ghríosú le smaoineamh ar an ábhar don Ardteistiméireacht.

Áirítear ar chuspóirí an tsiollabais reatha an scoláire a chur ar an eolas níos fearr maidir le scileanna taibhithe agus tuiscint a chothú i dtaobh cé mar a shaibhríonn ceol na gnéithe sóisialta, stairiúla, teicneolaíocha, geilleagracha agus cultúrtha den saol (ROS, 1996, lch. 2). Ar an iomlán, tuairiscíodh gur beag ábharthacht a bhain leis an ábhar don saol lasmuigh den scoil i ngairmeacha beatha comhaimseartha a bhaineann le ceol, cuir i gcás scríobh amhrán, léiriú ceoil, innealtóireacht fuaime nó gairmeacha beatha eile.

In ábhar athfhorbartha measadh go raibh tábhacht ag baint le rochtain níos fearr a chur ar fáil ar an teicneolaíocht, fiosracht a spreagadh agus taitneamh as an bhfoghlaim a chothú, chomh maith le freastal ar spéis an scoláire agus a inniúlacht lena chuid foghlama a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna eile, ar mhaithe le scóip an chláir a leathnú agus scoláirí a mhealladh chuig an ábhar.

## Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB)

Chuir na múinteoirí, na scoláirí agus an bhainistíocht shinsearach fáilte den chuid is mó roimh na deiseanna don scoláire a fhoghlaim a léiriú ar bhealach nach n-éascaítear leis an scrúdú ceann cúrsa i láthair na huaire. Fuarthas an dúrud aiseolais i dtaobh na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis i ndáil le hualú na comhpháirte. Tharraing an bhainistíocht shinsearach, múinteoirí agus roinnt scoláirí ábhair imní anuas maidir le hualú 40%, laghdú ar an 50% atá ar fáil faoi láthair don scoláire a roghnaíonn an chomhpháirt roghnach sa Taibhiú ar an ardleibhéal. Moladh taibhiú ceoil mar an cineál Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis is oiriúnaí.

I gcuid den aiseolas, luaigh scoláirí agus múinteoirí go bhféadfadh an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis deiseanna a chur ar fáil le taithí a fháil ar an gcumadóireacht ar bhealach níos cruthaithí, níos barántúla agus níos réalaíche, rud a éascóidh scileanna cruthaitheacha a fhorbairt tríd an teicneolaíocht dhigiteach, uirlis(í) agus guth(anna).

## Achoimre ar an gCuid seo

- Déantar na comhpháirteanna den cheol a chomhtháthú sa tsonraíocht nua Churaclam Ceoil na sraithe sóisearaí. Ba cheart go gcuirfeadh Curaclam athfhorbartha Ceoil na hArdteistiméireachta leis an gcur chuige comhtháite sin ionas nach mbeifí ag gabháil do na comhpháirteanna astu féin.

- Measadh gur cuireadh deiseanna ar fáil le hathfhorbairt Cheol na hArdteistiméireachta chun cuid mhaith de phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt, cuir i gcás obair le daoine eile agus a bheith cruthaitheach.

- Ba mhór ag tromlach na rannpháirtithe go raibh deis ann 50% a ghnóthú sa scrúdú praiticiúil le haghaidh Cheol na hArdteistiméireachta. Cuireadh in iúl i gcuid den aiseolas nach mór a chinntiú in inneachar agus cothromaíocht an mheasúnaithe phraiticiúil go bhfuil sé inrochtana don uile scoláire.

- Measadh go raibh deis ag baint le hathfhorbairt an ábhair chun a mhealltacht a leathnú, tríd an ábhar a thabhairt cothrom le dáta agus trí dheiseanna cumadóireachta níos cruthaithí a chuimsiú atá ábhartha agus bainteach le heispéiris cheoil san fhíorshaol.

- Tugadh faoi deara le dearadh sonraíochta nua don Cheol nár mhór athmhachnamh a dhéanamh ar chineál agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus a chinntiú go ndéanfaí iad a chomhtháthú ar fud na sonraíochta sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

- Beidh gá le machnamh cúramach a dhéanamh ar dhearadh agus inneachar na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis lena chinntiú go mbeidh sí inrochtana ag an uile scoláire.

# 4. Treochtaí idirnáisiúnta san Oideachas ceoil

## Réamhrá

Chun bonn eolais a chur faoi athfhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí, tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag fiosrú sholáthar ábhair na sraithe sinsearaí i ndlínsí ar an gcoigríoch. Sa chuid seo déantar machnamh ar an tírdhreach oideachais ceoil go hidirnáisiúnta. Léiríonn athbhreithniú ar Oideachas ceoil meánscoile sinsearaí i roinnt dlínsí – Sasana, an Baccalauréat Idirnáisiúnta (IB), Tuaisceart Éireann agus Victoria na hAstráile – na príomhréimsí staidéir laistigh de na curaclaim sin agus cuireann sé roinnt peirspictíochtaí ar fáil ar struchtúir an churaclaim ceoil sa mheánscoil shinsearach chomh maith le cuir chuige maidir le measúnú.

Roghnaíodh na dlínsí de bharr go bhfuil an curaclam ar fáil i mBéarla iontu, agus go gcuireann siad ar fad sonraíochtaí ceoil ar leith ar fáil. Tá na curaclaim cuíosach nua sna dlínsí uile. Áiríodh péire de na dlínsí sin (Ceol TGM (RA) agus IB) sa Cháipéis Eolais agus Treoir don athbhreithniú ar Cheol na sraithe sóisearaí (2016), forluí a rinneadh d'aon ghnó le ceist an ailínithe idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach a éascú.

## Sasana

### Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil

Is féidir leis an scoláire san oideachas meánscoile sinsearaí i Sasana, a bhíonn idir 16-18 mbliana d'aois, suas le cúig ábhar A-leibhéil a roghnú, ach is iondúil go dtógann siad trí cinn. An scoláire siúd a roghnaíonn an cúrsa dhá bhliain le haghaidh Cheol an A-Leibhéil arna chur ar fáil ag an gcomhlacht dámhachtana AQA, foghlaimíonn sé le heolas, tuiscint agus scileanna sa cheol a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun caidreamh pearsanta agus fiúntach a chothú leis an gceol. Spreagtar dó dul i ngleic go criticiúil agus go cruthaitheach le raon leathan de chomhthéacsanna ceoil agus ceolmhara, agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidtear an ceol chun féiniúlachtaí pearsanta agus comhchoiteanna a chur in iúl. Tugadh isteach an cúrsa in 2016 agus scrúdaíodh é den chéad uair in 2018. Tá sé deartha le haghaidh 360 uair an chloig d'fhoghlaim faoi threoir.

Tá sé d'aidhm ag sonraíocht Cheoil AQA don A-Leibhéal deis a thabhairt don scoláire chun láidreachtaí agus spéiseanna ar leith a fhorbairt, foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh, agus rochtain a chur ar fáil ar ardoideachas agus ar chúrsaí céime ollscoile sa cheol agus in ábhair a bhaineann leis an gceol, chomh maith le gairmeacha beatha sa cheol agus cinn eile. Leis an tsonraíocht déantar forbairt ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a leagadh síos sa cheol ag Príomhchéim 4 (oideachas meánscoile don scoláire idir 14 agus 16 bliana d'aois) agus i gcáilíochtaí TGM (a thógtar ag 16 bliana d'aois). Féadfaidh an scoláire staidéar a dhéanamh ar Cheol an A-Leibhéil ón tús amach, cé go bhfuil riachtanas ceoil TGM i bhfeidhm ag cuid mhaith scoileanna chun dul isteach sa chúrsa.

### Curaclam agus Measúnú

Tá trí chroíréimse ag Ceol an A-Leibhéil: Breithmheas Ceoil, Taibhiú agus Cumadóireacht. Sa mheasúnú éilítear ar an scoláire tuiscint leathan a fhorbairt ar na naisc idir an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a leagtar amach sa tsonraíocht ina hiomláine; agus a thuiscint ar an ngaol idir an teoiric agus an cleachtas a léiriú.

Breithmheas Ceoil: déanann an scoláire breithmheas, forbairt agus léiriú ar eolas agus tuiscint dhomhain ar ghnéithe ceoil, ar chomhthéacsanna ceoil agus ar theanga an cheoil. Forbraíonn sé an t-eolas agus an tuiscint sin trí thrí réimse staidéir as seacht gcinn: ceann amháin atá éigeantach agus péire eile a roghnaítear as réimsí eile. Leagtar síos an t-inneachar le haghaidh gach réimse staidéir sa tsonraíocht.

Is scrúdú arna mharcáil go seachtrach é an measúnú ar Bhreithmheas Ceoil agus is ionann é agus 40% de na marcanna iomlána don cháilíocht.

Taibhiú: foghlaimíonn an scoláire le gnéithe ceoil a léirmhíniú, ach úsáid a bhaint as acmhainní agus teicnící de réir mar is cuí, agus le smaointe ceoil a chur in iúl le rialú teicniúil agus léiritheach. Bíonn sé in ann tuiscint a léiriú ar chomhthéacs, lena n-áirítear stíl nó seánra roghnaithe an cheoil atáthar a thaibhiú agus cuspóir agus rún an chumadóra.

Déantar an measúnú ar Thaibhiú a mharcáil go seachtrach agus is ionann é agus 35% de na marcanna iomlána don cháilíocht.  Féadfaidh an scoláire taibhiú a dhéanamh trí cheann amháin de na modhanna seo a leanas, nó trí mheascán díobh: aonréad uirlise/gutha agus/nó in *ensemble*; agus/nó táirgeadh ceoil tríd an teicneolaíocht.

Cumadóireacht: foghlaimíonn an scoláire an chaoi le smaointe ceoil a fhorbairt, lena n-áirítear smaointe ceoil a leathnú agus a ionramháil, agus ceol a chumadh atá áititheach ó thaobh na ceolmhaireachta de. Cumann sé ceann amháin nó an dá cheann díobh seo a leanas: ceol uirlise/gutha agus táirgeadh – ceol a ghiniúint ar bhealach iomlán digiteach, ach úsáid a bhaint as bogearraí ceoil, gan scór nodaireachta ach le hanótáil tionlacain.

Déantar an measúnú ar Chumadóireacht a mharcáil go seachtrach agus is ionann é agus 25% de na marcanna iomlána don cháilíocht. Nó mór do gach scoláire dhá phíosa a chumadh. Ní mór píosa cumadóireachta amháin a bheith mar fhreagra ar threoir arna leagan amach go seachtrach agus déanann an scoláire an ceann eile a chumadh go saor. I gcás an dá phíosa cumadóireachta, ní mór don scoláire a bheith in ann fianaise i scríbhinn a chur i láthair ina sonraítear struchtúr agus bunús ceoil an phíosa. Ní mór Nóta Cláir thart ar 150 focal a chur ar fáil i gcás gach píosa.

## Cáilíocht i dTeicneolaíocht Cheoil an A-Leibhéil

Cuireann Sasana cáilíocht A-Leibhéil ar leith ar fáil i dTeicneolaíocht an Cheoil freisin ar a dtugtar *Pearson Edexcel Level 3 Advanced GCE in Music Technology*. Tugadh isteach den chéad uair in 2017 é, agus tá sé d'aidhm ag an gcáilíocht seo tacú leis an scoláire caidrimh phearsanta fhiúntacha a chothú le teicneolaíocht an cheoil ach béim a leagan ar ghnéithe praiticiúla agus teoiriciúla araon. Tá sé deartha chun raon leathan eolais agus scileanna teicneolaíochta ceoil mar aon le scileanna inaistrithe a fhorbairt, lena n-áirítear bainistíocht tionscadail, cruthaitheacht, samhlaíocht, breithmheas agus anailís atá ábhartha don scoláire agus ar féidir leis an fheidhm phraiticiúil atá leo sa saol laethúil a thuiscint. Tá sé d'aidhm ag an gcúrsa freisin tacú leis an scoláire dul ar aghaidh chuig staidéar breise i dTeicneolaíocht an Cheoil, sa Léiriúchán Fuaime, san Innealtóireacht Fuaime nó chuig cúrsaí eile ina n-éilítear tacar scileanna comhchosúil.

Tá trí Réimse Staidéir mar bhonn faoin gcáilíocht. Is iad sin:

1. Teicnící taifeadta agus léiriúcháin chun críoch ceartaitheach agus cruthaitheach araon.
2. Prionsabail na teicneolaíochta fuaime.
3. Forbairt na teicneolaíochta taifeadta agus léiriúcháin.

Tá ceithre chomhpháirt i gceist leis an measúnú: taifeadadh, cumadóireacht ríomhchuidithe, éisteacht agus anailís agus scrúdú scríofa/praiticiúil.

# An Baccalauréat Idirnáisiúnta (IB)

## Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil

Tá an Baccalauréat Idirnáisiúnta (IB) ar fáil in os cionn 150 tír/críoch, agus is Clár Dioplóma (DP) dhá bhliain réamh-ollscolaíochta é don scoláire idir 16 agus 19 mbliana d'aois.

Tá sé d'aidhm ag an gcúrsa Ceoil DP, a luíonn faoi réimse acadúil na n-ealaíon mar aon le damhsa, scannánaíocht, amharclannaíocht agus na hamharcealaíona, cur ar chumas an scoláire raon comhthéacsanna ceoil a fhiosrú agus naisc a dhéanamh le, agus idir, cleachtais, gnásanna agus foirmeacha éagsúla den léiriú ceoil, go haonarach agus i gcomhar le daoine eile araon; agus dearcthaí criticiúla ar a cheol féin agus ar shaothar daoine eile a léirmheas agus a fhorbairt. Tugtar obair phraiticiúil, oiliúint theoiriciúil agus theicniúil agus forbairt inniúlachtaí cruthaitheacha le chéile ann. Comhtháthaítear ann scileanna éisteachta doimhne, cumas léirithe, ceird na cumadóireachta, an inniúlacht le bheith ag plé an cheoil go criticiúil, roghanna cruthaitheacha a chosaint, agus cumas fiontraíochta a fhorbairt i saol an cheoil.

Ar an mbealach céanna leis an ardleibhéal agus an gnáthleibhéal san Ardteistiméireacht, tá an Clár Dioplóma sa Cheol ar fáil ar an leibhéal caighdeánach agus ar an ardleibhéal. Féadfaidh an scoláire Ceol a thógáil ab initio. Foilsíodh an clár in 2020 agus rinneadh measúnú air den chéad uair in 2022.

## Curaclam agus Measúnú

Ar fud an chláir, glacann an scoláire le trí ról: an taighdeoir, an cruthaitheoir agus an taibheoir. Tá baint ag gach ról lena chéile trí theagasc agus measúnú ar na trí phróiseas sa cheol – fiosrú, triail agus cur i láthair.

Díríonn an clár ar cheithre chomhpháirt siollabais, trí cinn ar an leibhéal caighdeánach agus ceann amháin don ardleibhéal amháin. Is iad sin:

- An ceol a fhiosrú i gcomhthéacs
- Ceol a thriail
- Ceol a chur i láthair
- An déantóir ceoil comhaimseartha (ardleibhéal amháin)

Tá sé d'aidhm ag an gcúrsa scoláirí a bhfuil raon leathan de chúlraí pearsanta agus cultúrtha acu sa cheol a chuimsiú agus, ar an gcúis sin, in ionad an inneachair ceoil dualgais, tá an cumas gníomhúcháin ag scoláirí agus ag múinteoirí leis an gcuraclam a phearsanú ar mhaithe le cineálacha cur chuige uathúla i leith foirmeacha ceoil, seánraí agus píosaí ceoil a chuimsiú. Is ann do cheithre réimse fiosrúcháin freisin, is iad sin: ceol don léiriú soch-chultúrtha agus polaitiúil; ceol chun críoch éisteachta agus taibhithe; ceol don tionchar drámatúil, gluaiseacht agus siamsaíocht, agus teicneolaíocht an cheoil sa ré leictreonach agus dhigiteach.

Bítear rannpháirteach sna réimsí fiosrúcháin ar fud trí chomhthéacs – cinn phearsanta, áitiúla agus dhomhanda – ina spreagtar don scoláire dul níos faide ar aghaidh ná ábhar ceoil a bhfuil cur amach aige air (an comhthéacs pearsanta), taithí a fháil ar cheol ón gcultúr nó ón bpobal thart timpeall air (an comhthéacs áitiúil), chomh maith le bheith ag plé le ceol nach raibh aithne aige roimhe seo air (an comhthéacs domhanda).

Is é an aidhm atá ann, faoi dheireadh an chúrsa, go ndéanfaidh an scoláire anailís ar raon leathan ceoil; go ngabhfaidh sé do theicneolaíocht an cheoil; go bhfaighidh sé muinín as na próisis riachtanacha a bhaineann le ceol a dhéanamh; go ndéanfaidh sé forbairt mar cheoltóir iomlánaíoch; go bhforbróidh sé scileanna oibre neamhspleácha agus comhoibríocha araon; agus go gcuirfidh sé barr feabhais ar a scileanna fiosrúcháin, machnaimh agus smaointeoireachta criticiúla.

Déantar measúnú ar an scoláire a thugann faoin gcúrsa trí obair chúrsa: Tascanna Measúnaithe Coiteanna amhail punann thaiscéalaíoch, tuairisc thrialach, cur i láthair ceoil agus cur i láthair ilmheán. Tá sé d'aidhm ag na tascanna measúnaithe aghaidh a thabhairt ar choincheap na forbartha ceoil iomlánaíche ach deireadh a chur leis an inroghnaitheacht, agus dá bhrí sin deireadh a chur leis an bhféidearthacht go ndéanfadh an scoláire speisialú i scil amháin ach scileanna eile a bheith thíos leis, agus déantar déanamh ceoil praiticiúil a ionchorprú i ngach tasc. Leis an gcomhpháirt leathnaithe scoite ardleibhéil spreagtar don scoláire a bheith ag obair laistigh de pharaiméadair chleachtais an tionscail ceoil mar atá san fhíorshaol.

## Tuaisceart Éireann

### Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil

Is cúrsa iar-bhunscolaíochta sinsearaí dhá bhliain é an A-leibhéal TGO sa Cheol de chuid CCSM arb é is aidhm dó cur ar chumas an scoláire idir 16 agus 18 mbliana d'aois ceol a chruthú agus a thaibhiú ina léirítear a spéiseanna agus a stíl féin. Déantar eolas, tuiscint agus léirthuiscint ar stíleanna, traidisiúin agus comhthéacsanna ceoil san am a chuaigh thart agus san am i láthair a chothú sa chúrsa, agus is é is aidhm dó freastal ar riachtanais agus spéiseanna raon leathan scoláirí.

Cé nach gá go mbeadh leibhéal áirithe gnóthachtála baint amach ag an scoláire sula gcuireann sé tús lena staidéar ar Cheol TGO an A-Leibhéil, leis an tsonraíocht sa Cheol déantar forbairt ar an bhfoghlaim ón meánoideachas éigeantach agus ar an eolas agus na scileanna ábhair a forbraíodh le linn Phríomhchéimeanna 1 go 3 (4/5 go 14 mbliana d'aois) agus i gCeol an TGM (an scrúdú a dhéanann an scoláire 16 bliana d'aois ag deireadh an mheánoideachais éigeantaigh i bPríomhchéim 4). Bíonn cuid mhaith de na scoláirí a thugann faoi chúrsa Ceoil an A-Leibhéil ina dtaibheoirí a bhfuil taithí acu cheana féin agus tá sé d'aidhm ag an tsonraíocht deis a chur ar fáil dóibh chun an tallann sin a fhorbairt, agus a dtuiscint ar theicnící cumadóireachta agus ar éabhlóid stíleanna éagsúla ceoil a leathnú.

Tugadh isteach an cúrsa TGO A-leibhéil in 2016 agus tá sé ar fáil ar dhá leibhéal: Tagann Leibhéal AF (AS)TGO sna sála ar Bhliain 1 den chúrsa, ar féidir é a ghlacadh mar cháilíocht aonair; is é an A-leibhéal (A2) iomlán a thagann i ndiaidh Bhliain 2. Is ionann na huaireanta foghlama faoi threoir (mar is amhlaidh i gcás gach cúrsa TGO A-leibhéil) agus 180 uair an chloig don chúrsa Leibhéal AF (AS) (a mhaireann bliain amháin) agus 360 uair an chloig don chúrsa A-leibhéil iomlán (a mhaireann dhá bhliain).

### Curaclam agus Measúnú

Cuimsíonn an curaclam Ceoil don A-leibhéal TGO de chuid CCSM trí ghníomhaíocht bhunúsacha sa cheol:

- Taibhiú: forbraíonn an scoláire scileanna san amhránaíocht agus/nó sa cheoltóireacht ar uirlis dá rogha féin. Cruthaíonn sé taibhiú le rialú teicniúil agus cruinneas agus le linn dó déanamh amhlaidh, léirmhíníonn sé cuspóirí an chumadóra agus cuireann sé in iúl iad agus tuiscint oiriúnach aige ar an stíl. Téann an scoláire i mbun machnaimh, anailíse agus meastóireachta freisin le linn dó a bheith ag ullmhú dá thaibhiú.
- Cumadóireacht: forbraíonn an scoláire a inniúlacht le smaointe ceoil a chruthú, a eagrú agus a fhorbairt; armóin a úsáid go héifeachtach; acmhainn uirlise agus uigeachta a rialú agus a úsáid go héifeachtach; úsáid a bhaint as teicneolaíocht an cheoil; agus anailís agus machnamh a dhéanamh ar a shaothar.
- Freagairt don cheol (éisteacht agus breithmheas): forbraíonn an scoláire feasacht ar an ngaol idir an ceol agus a chomhthéacs, lena n-áirítear na tionchair a choinníonn leanúnachas ar bun agus a bhíonn ina gcúis le hathrú, agus forbraíonn sé eolas, tuiscint agus léirthuiscint ar an gceol trí ghníomhaíochtaí cumadóireachta agus taibhithe agus fairsinge agus doimhneacht an staidéir.

Leagtar amach na príomhréimsí thuas mar shé aonad sa tsonraíocht Cheoil don TGO A-Leibhéil: trí cinn (Taibhiú, Cumadóireacht agus Freagairt don Cheol) a chomhdhéanann an cháilíocht Ard-Fhotheastais, agus trí cinn eile a chomhdhéanann an tArdleibhéal iomlán. Maidir leis an inneachar do 'Freagairt do cheol', lena n-áirítear an staidéar ar sheánraí, saothair agus cumadóirí ar leith, is amhlaidh is inneachar dualgais é.

Déantar measúnú ar na haonaid ar chaighdeán is oiriúnach don scoláire a bhfuil an chéad chuid (bliain 1) den chúrsa TGO A-Leibhéil curtha i gcrích aige. Tá coinne leis go ndéanfaidh múinteoirí bainistíocht ar dhálaí measúnaithe na dtascanna arna measúnú go hinmheánach i gcás na cumadóireachta ar mhaithe le cothroime agus iontaofacht a chinntiú. I gcás Aonad A2 2 sa chumadóireacht, déantar marcanna agus samplaí a mhodhnú go seachtrach. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-ualú céanna i gceist do mharcanna ar fud gach ceann de na gníomhaíochtaí ceoil (cumadóireacht, éisteacht agus freagairt don cheol) sa mheasúnú ar Leibhéal AF (AS) agus A-leibhéal araon.

Sa chlár Ceoil don TGO cuirtear na cineálacha cur chuige spéisiúla seo a leanas ar fáil i leith na cumadóireachta.  I dtasc cumadóireachta de chineál amháin, iarrtar ar an scoláire píosa ceoil amháin a chumadh. Féadfaidh an scoláire a threoir, stíl chumadóireachta agus acmhainní féin a roghnú. I dtasc cumadóireachta eile baintear úsáid as an teicneolaíocht. Sa tasc sin, iarrtar ar an scoláire cóiriú a chruthú bunaithe ar a rogha spreagthaigh as dhá cheann arna gcur ar fáil san ábhar spreagtha réamheisiúna. Séis atá i ngach spreagthach. Baineann an scoláire úsáid as teicneolaíocht seicheamhaithe, teicneolaíocht taifeadta ilrian nó teaglaim den dá cheann chun a chóiriú a chruthú.  I gcás na dtascanna cumadóireachta, ní mór don scoláire tráchtaireacht anailíseach agus mhachnamhach i scríbhinn a chur isteach.

## Victoria na hAstráile

### Comhthéacs: ionad agus cuspóir an Cheoil

Tá an staidéar ar Cheol le haghaidh Theastas Oideachais Victoria (VCE) (an ardteistiméireacht meánscolaíochta sinsearaí) bunaithe ar ghníomhú agus rannpháirtíocht ghníomhach i ngach gné den cheol trí chruthú, taibhiú, freagairt agus anailísiú.

Tá sé d'aidhm ag cúrsa dhá bhliain VCE sa Cheol cur ar chumas an scoláire an cheoltóireacht a fhorbairt agus a chleachtadh; ceol a thaibhiú, a chruthú, a chóiriú, a thobchumadh, a anailísiú, a athchruthú, a athshamhlú agus freagairt dó, ó thréimhsí, áiteanna, cultúir agus comhthéacsanna éagsúla, lena n-áirítear ceol a cruthaíodh le déanaí; tuiscint ar cháilíochtaí agus tréithe cultúrtha, stíleacha, aeistéitiúla agus léiritheacha den cheol a chur in iúl; spéiseanna pearsanta, eolas agus eispéiris phearsanta sa cheol a fhiosrú agus a neartú; agus úsáid a bhaint as a chuid samhlaíochta agus cruthaitheachta, agus a scileanna pearsanta agus sóisialta le linn ceol a dhéanamh. Tá sé d'aidhm aige freisin cur ar chumas an scoláire rochtain a fháil ar chonairí chuig an mbreisoideachas, breisoiliúint agus fostaíocht sa cheol, agus a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil sa cheol agus i saol ceolmhar a phobail.

Níl aon réamhriachtanais iontrála ann do chúrsa VCE sa Cheol. Tugadh isteach an cúrsa dhá bhliain seo in 2022. Luíonn sé faoi réimse foghlama na dTaibhealaíon, in éineacht le léann na drámaíochta, an damhsa agus na hamharclannaíochta.

## Curaclam

Tá ceithre aonad uileghabhálacha i gceist le curaclam Ceoil VCE:

- Aonad 1: Eagar sa Cheol: fiosrú agus forbairt ar thuiscint an scoláire ar an gcaoi a n-eagraítear an ceol agus ar na féidearthachtaí a bhaineann le heagar ceoil.
- Aonad 2: Éifeacht sa Cheol: an chaoi ar féidir an ceol a úsáid chun éifeacht bheartaithe a chruthú.
- Aonad 3: Fiosrúchán sa Cheol: Tionchar sa Cheol; Taibhiú Comhaimseartha Ceoil; Taibhiú Stóir Ceoil; Cumadóireacht Cheoil.
- Aonad 4: Fiosrúchán sa Cheol: Tionscadal; Taibhiú Comhaimseartha Ceoil; Taibhiú Stóir Ceoil; Cumadóireacht Cheoil.

Tá coinne leis go bhforbróidh múinteoirí cúrsaí ina gcuirtear deiseanna cuí ar fáil don scoláire le gnóthachtáil shásúil a léiriú ar thorthaí aonaid. Ní inneachar dualgais atá i gceist, cé go gcuirtear treoir ar fáil do mhúinteoirí. Tá ceithre réimse fócais ann le haghaidh léann an cheoil:

- Taibhiú: smaointe ceoil a chur in iúl d'aon ghnó do lucht féachana.
- Cruthú: na próisis a úsáidtear chun ceol a thobchumadh, a eagrú agus a chumadh.
- Anailísiú: mionstaidéar domhain ar shaothair/stíleanna ceoil.
- Freagairt: braistint agus tuiscint ar fhuaim eagraithe trí éisteacht.

Tá an measúnú uile le haghaidh Aonaid 1 agus 2 de Cheol VCE scoilbhunaithe agus is faoin scoil atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil ghnóthachtála agus ní dhéantar iad a thuairisciú d'Údarás Curaclaim agus Measúnachta Victoria (VCAA).

I gcás Aonaid 3 agus 4, sonraíonn VCAA na nósanna imeachta um measúnú trí thascanna measúnaithe saincheaptha. Déantar leibhéal gnóthachtála an scoláire a shuí trí obair chúrsa arna measúnú ar scoil (SAC), tascanna arna measúnú go seachtrach (EAT), agus measúnú seachtrach (scrúduithe arna socrú agus arna marcáil ag VCAA). Is é rud atá i gceist le scrúduithe taibhithe ná taibhiú beo os comhair painéal measúnóirí. Féadfaidh an scoláire teacht os comhair an phainéil mar aonréadaí nó mar chuid de ghrúpa. Ní mór tascanna oibre cúrsa arna measúnú ar scoil a

bheith mar chuid den ghnáthchlár teagaisc agus foghlama agus ní mór nach gcuirfidh siad leis an ualach oibre a bhaineann leis an gclár ar bhealach míchuí.

Is é rud atá sna tascanna arna measúnú go seachtrach ná fóilió arna chur isteach ag an scoláire. Cuimsítear ann bunsaothar ceoil idir 4 agus 5 nóiméad ar fad san iomlán agus cuirtear i láthair é i nodaireacht dhigiteach agus formáid fuaime, mar aon le doiciméadú ina gcuimsítear cur síos ar an bpróiseas cruthaitheach, anailís ar an saothar deiridh/na saothair dheiridh agus píosa plé.

Is é painéal arna cheapadh ag VCAA a dhéanann measúnú ar aighneachtaí fóilió, i gcomhréir le critéir mheasúnaithe VCAA don tasc.

## Achoimre ar an gcuid seo

- Mar is amhlaidh in Éirinn, áit a ndéantar measúnú ar Cheol na hArdteistiméireachta ar an ngnáthleibhéal nó ar an ardleibhéal, déantar Clár Dioplóma IB sa Cheol, TGO A-Leibhéil sa Cheol i dTuaisceart Éireann, agus an A-Leibhéal sa Cheol sa RA a chur ar fáil ar dhá leibhéal.

- Cé gur ann do mhiondifríochtaí i gcuraclaim agus comhthéacsanna na ndlínsí aonair don teagasc agus don fhoghlaim, ar fud na gceithre dhlínse, tá fócas an churaclaim cosúil le cás na hÉireann – cumadóireacht (cruthú), agus éisteacht (freagairt do cheol, é a bhreithmheas agus é a anailísiú) agus taibhiú.

- I bhformhór na ndlínsí, tá an t-ualú measúnaithe don chomhpháirt taibhithe difriúil ón gcomhpháirt roghnach sa taibhiú mar atá san Ardteistiméireacht faoi láthair, is é sin 50%. I gCeol an A-Leibhéil, is ionann taibhiú agus 35% de na marcanna iomlána, i nDioplóma Ceoil IB is ionann an figiúr sin agus 30% agus don TGO A-Leibhéil is ionann é agus 32.5%.

- I ngach dlínse, leagtar béim sna curaclaim cheoil ar fhorbairt spéiseanna agus stíl phearsanta an scoláire sa cheol, agus an tráth céanna cuirtear lena chuid eolais ar raon leathan de chomhthéacsanna ceoil agus ceolmhara, mar aon leis an tábhacht shóisialta, chultúrtha agus stairiúil a bhaineann leis.

- Tá gnéithe de na curaclaim ann a ndéantar scrúdú orthu ina léirítear gníomhaíochtaí ceoil ar leibhéal na sraithe sóisearaí, mar shampla, Nóta Cláir (A-Leibhéal) agus Punann (IB agus Victoria) a bheith á gcuimsiú.

- Tá teicneolaíocht an cheoil (ina bhfuil cáilíochtaí A-Leibhéil ar leith i Sasana freisin) lárnach do churaclaim na ndlínsí arna roghnú agus cuireann sí deiseanna ar fáil don scoláire le dul i mbun cumadóireacht agus táirgeadh cruthaitheach, rud a chuireann bonn láidir ar fáil don scoláire ar mian leis foghlaim nó gairm bheatha a shaothrú i réimsí a bhaineann le Teicneolaíocht an Cheoil.

- Maidir le Clár Dioplóma IB, agus deireadh curtha leis an inroghnaitheacht d'aon ghnó ar mhaithe lena sheachaint nach ndéanfadh an scoláire speisialú ach in aon scil amháin, is amhlaidh a thagann sé salach ar riachtanais chumadóireachta na hArdteistiméireachta mar atá faoi láthair sa siollabas ina bhfuil inroghnaitheacht ar fáil.

# 5. Ceisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu

Leagtar amach roinnt ceisteanna sa chuid seo a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le hathfhorbairt Cheol na hArdteistiméireachta. Tagann siad seo chun cinn ó nádúr an ábhair é féin, chomh maith le húsáid a bhaint as téamaí a thagann chun cinn ó na codanna roimhe seo sa Cháipéis Eolais seo.

## Croí-chomhpháirteanna an cheoil a chomhtháthú

Is é an tsaincheist lárnach atá le breithniú agus Ceol na hArdteistiméireachta á athfhorbairt ná na trí chomhpháirt a chomhtháthú: cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú. Sa cháipéis seo, tarraingíodh aird an ar easpa chomhtháthaithe idir na trí chomhpháirt agus ar an gcaoi arbh é an measúnú a bhíodh mar bhonn faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim den chuid is mó. Chun na trí chomhpháirt a chomhtháthú, is amhlaidh a bheidh athruithe struchtúracha móra ag teastáil in ábhar athfhorbartha.

Sa pháipéar seo, cuireadh i dtábhacht gur féidir tabhairt faoi chuid den fhoghlaim sa siollabas reatha lasmuigh den rang ceoil, agus gurb amhlaidh a bhítear á dhéanamh sin. Tá sé sin le sonrú sa chomhpháirt taibhithe go háirithe. I sonraíocht athfhorbartha, is é an príomhábhar machnaimh maidir le comhtháthú na gcomhpháirteanna a chur chun cinn ná a chinntiú go ndéantar an taibhiú a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú.

Is iondúil go gcloíonn múinteoirí agus scoláirí le sraith dhírithe de scileanna agus teicnící sa chumadóireacht, d'ainneoin go bhfuil roinnt roghanna cumadóireachta ar fáil sa siollabas reatha. Sa siollabas reatha éilítear ar an scoláire a phíosaí cumadóireachta a chur i láthair ach úsáid a bhaint as nodaireacht Cheol Clasaiceach an Iarthair. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar fhoirmeacha eile nodaireachta agus roghanna eile don scoláire lena phíosaí cumadóireachta a chur i láthair agus an t-ábhar á athfhorbairt. Ba cheart deiseanna a chur ar fáil le haghaidh cur in iúl pearsanta agus lena chuid eispéireas ceoil féin agus na cinn siúd a bhíonn ag cumadóirí eile a léiriú.

Ní mór breithniú a dhéanamh freisin ar an gcaoi leis an scoláire a chur i ngleic le raon níos leithne de stíleanna agus seánraí ceoil chomh maith le saincheist an neamhspleáchais seachas ábhar dualgais. Más rud é go mbíonn ábhar dualgais ann, is den tábhacht smaoineamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart an scoláire a chur i mbun ábhar anuas ar an ábhar dualgais agus fiosrú a dhéanamh ar chineálacha cur chuige a chuideoidh leis an méid sin a bhaint amach.

## Leanúnachas an churaclaim

Bhí an siollabas atá ann faoi láthair (1996) ann roimh an athchóiriú ar Churaclam Ceoil na sraithe sóisearaí (2018). Dá bhrí sin, ní haon ionadh é gur sainaithníodh neamhréir sa Cháipéis Eolais idir sonraíocht Churaclam Ceoil na sraithe sóisearaí agus Curaclam Ceoil na hArdteistiméireachta. I gcás fhorbairt shonraíocht nua Churaclam Ceoil na hArdteistiméireachta, is ceist thábhachtach é an gá le leanúnachas a chinntiú idir Curaclam Ceoil na sraithe sóisearaí agus Curaclam Ceoil na hArdteistiméireachta, ionas go leanfar leis na cineálacha ar leith foghlama, amhail forbairt punainne, tionscadal an cheoil, agus le réimsí spéise amhail cumadóireacht chruthaitheach agus rogha chruthaitheach, ar ábhar spreagtha iad don scoláire ar an leibhéal seo. Ina theannta sin, beidh gá le breithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndeiseanna chun scileanna a fhorbairt amhail obair le daoine eile agus a bheith cruthaitheach.

Ar na príomhcheisteanna le breithniú a dhéanamh orthu maidir le hathfhorbairt Cheol na hArdteistiméireachta, tá:

- An chaoi leis an bhfoghlaim a chur chun cinn ón tsraith shóisearach go dtí Curaclam Ceoil na hArdteistiméireachta.
- Cén chaoi a dtacóidh an t-ábhar athfhorbartha leis an scoláire a thug faoi Churaclam Ceoil na sraithe sóisearaí agus leis an scoláire nár thug?
- Cén chaoi a dtacóidh an t-ábhar athfhorbartha le foghlaim an scoláire i réimse an cheoil roimhe seo agus a gcuirfidh sé an fhoghlaim sin chun cinn?
- Cé na deiseanna atá ar fáil don scoláire sa cheol lena chuid foghlama sa cheol a chomhtháthú lena bhfoghlaimíonn sé in ábhair eile?

## Scóip an ábhair:

Tugadh le fios sa Cháipéis eolais nach n-ullmhaíonn an siollabas reatha an scoláire ar bhealach leormhaith do ghairm bheatha sa cheol ná ní thacaíonn le scoláire tuiscint a chothú ar an gcaoi a saibhríonn ceol na gnéithe sóisialta, stairiúla, teicneolaíocha, geilleagracha agus cultúrtha den saol. Agus an t-ábhar á athfhorbairt, beidh gá le machnamh cúramach a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- Na cineálacha foghlama is tábhachtaí agus is ábhartha don scoláire ag an aois seo agus ag an gcéim seo den fhoghlaim a shainaithint. Leis sin cothófar rannpháirteachas leis an gceol ar feadh an tsaoil agus réiteofar an scoláire do staidéar breise sa cheol agus sna healaíona agus do ghairmeacha amach anseo,
- Féinléiriú agus roghanna an scoláire a chur chun cinn ar fud na sonraíochta,
- Na cineálacha cur chuige agus na gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe is éifeachtaí a shuí chun a dhúshlán a thabhairt don scoláire, é a chur i ngleic leis an ábhar agus tacú le foghlaim ardchaighdeáin don uile scoláire a ghabhann don ábhar,
- Deiseanna a chur ar fáil don scoláire le dul i ngleic go fiúntach le cumadóireacht, éisteacht agus taibhiú ar bhealach comhtháite,
- A bheith freagrúil do stíleanna ceoil a bhíonn ag athrú go tapa, seánraí ceoil atá ann cheana féin agus cinn nua, comhthéacsanna stairiúla agus dul chun cinn i dteicneolaíochtaí digiteacha.

## Ról na Teicneolaíochta Digití sa Cheol

Leis an teicneolaíocht dhigiteach cuirtear deiseanna ar fáil chun eispéiris an scoláire i gCeol na hArdteistiméireachta a chur chun feabhais, rud a fhágann go mbíonn sé níos mealltaí, níos ábhartha agus níos inrochtana dó. Tá sé curtha i dtábhacht sa Cháipéis Eolais seo go bhfuil na gnéithe teicneolaíochta den siollabas reatha as dáta agus gur gá iad a nuachóiriú. Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na teicneolaíochta agus ar chuimsiú na teicneolaíochta digití i sonraíocht athfhorbartha, ní mór breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: í a chomhtháthú ar bhealach barántúil sa churaclam; cothromaíocht a choinneáil idir foirmeacha nodaireachta traidisiúnta nó eile agus formáidí digiteacha; úsáid na teicneolaíochta chun cruthaitheacht a fheabhsú agus deiseanna a chur ar fáil chun teicneolaíocht a úsáid ar bhealaí a léiríonn táirgeadh agus cumadóireacht cheoil san fhíorshaol. Caithfear a bheith feasach

leis an nuashonrú ar na himpleachtaí acmhainne a bhaineann le comhtháthú den sórt sin do scoileanna.

## Measúnú

Is é is mó a bhí le sonrú san aiseolas ó scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile le linn na gcuairteanna scoile ná an struchtúr measúnaithe atá ann faoi láthair. Déantar measúnú ar gach ceann de na trí chomhpháirt cheoil faoi láthair mar aonán scoite: scrúdú cumadóireachta, scrúdú éisteachta agus scrúdú praiticiúil, rud a chuireann le heaspa comhtháthaithe.

Fágann intuarthacht agus cineál roghnach an scrúdaithe cumadóireachta go bhfuil fócas cúng ann ar an measúnú ar scileanna cumadóireachta, agus is amhlaidh a bhítear ag brath an iomarca ar fhoirmeacha nodaireachta Cheol Clasaiceach an Iarthair. Tháinig an measúnú ar an gcomhpháirt éisteachta chun cinn mar chomhpháirt nach mór a nuashonrú. An chomhpháirt taibhithe, a raibh neart scoláirí ag gabháil di lasmuigh den chomhthéacs ranga, ní mór í a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Ní mór staidéar agus comhtháthú na dtrí chomhpháirt a léiriú agus iad a chúiteamh i struchtúr measúnaithe na sonraíochta athbhreithnithe.

Ar na príomhábhair mhachnaimh agus an t-ábhar a athfhorbairt i ndáil le measúnú, tá:

- An chaoi ar féidir le struchtúr, snáitheanna agus torthaí foghlama na sonraíochta tacú le cur chuige comhtháite i leith na gcomhpháirteanna ceoil i gcaitheamh an dá bhliain den Ardteistiméireacht agus é a chur chun cinn,
- An chaoi leis an gclaonadh atá ann speisialú a dhéanamh in aon chomhpháirt cheoil ar leith a sheachaint ar mhaithe lena chinntiú, ina ionad sin gur féidir leis an scoláire taithí a fháil ar réimse leathan foghlama sa cheol,
- An chaoi le deiseanna a chur ar fáil don scoláire le dul i ngleic le gnéithe den chumadóireacht chruthaitheach trí úsáid a bhaint as raon leathan formáidí,
- An chaoi ar féidir struchtúr agus formáid na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis a dhearadh le go mbeidh cothroime ann idir cuir chuige éagsúla i leith an mheasúnaithe don ghnáthleibhéal agus don ardleibhéal araon agus an chaoi ar féidir leo treoir choiteann a chur ar fáil don uile scoláire ar a gcuirfear measúnú ar an leibhéal a ndéanann an scoláire an scrúdú scríofa deiridh,
- An chaoi le gníomhú agus rannpháirtíocht an scoláire san ábhar a spreagadh tríd an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis,
- An chaoi lena chinntiú go mbeidh an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis ábhartha don scoláire i gcónaí de réir mar a thiocfaidh forbairt ar réimsí amhail an teicneolaíocht agus stíleanna ceoil amach anseo,
- An chaoi ar féidir leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis aird a tharraingt ar fhoghlaim an scoláire sa cheol agus ar ábharthacht an cheoil dá shaol agus é sin a chur ar a shúile dó.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Agus an tsonraíocht á hathfhorbairt, beidh gá le breithniú a dhéanamh ar a cumas leis an bhfís agus na treoirphrionsabail don tsraith shinsearach a chur chun cinn.

- Leis an tsonraíocht athbhreithnithe le haghaidh Cheol na hArdteistiméireachta ní mór an cur chuige ina leith a ailíniú le sonraíocht na sraithe sóisearaí agus breithniú á dhéanamh ar neamhspleáchas agus solúbthacht agus béim ann ar chomhtháthú na gcomhpháirteanna ceoil.

- Féachfar le raon an teagaisc agus na foghlama a leathnú sa tsonraíocht lena chinntiú go léiríonn sé eispéiris cheoil atá traidisiúnta agus comhaimseartha araon.

- Le sonraíocht athbhreithnithe ba cheart teicneolaíocht dhigiteach a ionchorprú, agus aitheantas á thabhairt don chumas atá aici cruthaitheacht agus foghlaim, rannpháirtíocht an scoláire, agus ábharthacht agus inrochtaineacht a chur chun feabhais.

- Leis an measúnú sa tsonraíocht nua ba chart féachaint le foghlaim an scoláire a chothú, a fheabhsú agus a aithint ach úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite.

# 6. Treoir don athbhreithniú ar Cheol na hArdteistiméireachta

Bhunaigh CNCM Meitheal Forbartha chun tabhairt faoin tasc a bhaineann le sonraíocht churaclaim a athfhorbairt do Cheol na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus faomhann an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Dearadh an treoir seo le bheith ina bunús le Ceol na hArdteistiméireachta a athfhorbairt. Cé go n-eascraíonn an treoir ón bpríomhléargas agus ó na príomh-shaincheisteanna atá le meas agus a sainaithníodh sna codanna roimhe seo den pháipéar seo, treoraítear í freisin leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 3

Beidh an tsonraíocht scoláire-lárnaithe agus beidh sí bunaithe ar thorthaí agus go ginearálta, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht ailínithe go leathan le Leibhéal 4 agus 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Beidh sí ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach in *Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha* (CNCM, 2023). Beidh Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí leabaithe sna torthaí foghlama.

Cuirfear an tsonraíocht i gcrích sa dara ráithe de 2026.

Go sonrach, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua i gcomhair an Cheoil aghaidh orthu seo a leanas:

- An chaoi a bhfuil an tsonraíocht ailínithe le treoirphrionsabail agus le fís na sraithe sinsearaí.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, ina measc sin an chaoi le nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar, agus cur léi, sa tsraith shóisearach agus san Idirbhliain, agus in ábhair agus modúil eile sa tsraith shinsearach, chomh maith le foghlaim amach anseo sa saol, staidéar, breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, agus an saol oibre, beag beann ar cibé acu a théann an scoláire le gairm bheatha sa cheol nó le conairí eile.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt ar réimse príomhinniúlachtaí atá chomh leathan agus is féidir a mbeidh baint acu leis an saol, an obair agus an staidéar amach anseo.
- An chaoi a bhfágann an réasúnaíocht do Cheol na hArdteistiméireachta go bhfuil na huaillmhianta don ábhar sofheicthe agus follasach do scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí.
- An chaoi leis an ábhar a dhéanamh níos taitneamhaí agus leanúint ar aghaidh chun roghnú an ábhair a chur chun cinn.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht cur chuige comhtháite a chur chun cinn i leith na cumadóireachta, na héisteachta agus an taibhithe.

- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht tacú leis an scoláire breathnú ar an gceol mar rud ábhartha agus a bhaineann lena chuid eispéireas ceoil fíorshaoil féin, agus leis na heispéiris cheoil fíorshaoil a bhíonn ag ceoltóirí, cumadóirí agus iad siúd a éisteann le ceol.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith scoláire-lárnaithe agus béim shoiléir aici ar an gcaoi a bhforbróidh agus a léireoidh an scoláire a chuid foghlama sa Cheol.
- An chaoi ar féidir acmhainneacht na teicneolaíochta digití agus an dul chun cinn teicneolaíochta sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a chuimsiú agus a leabú sa tsonraíocht, rud a fhágfaidh go mbeidh an t-ábhar níos tarraingtí, níos ábhartha agus níos inrochtana don scoláire.
- An chaoi le deiseanna méadaithe, éagsúla agus cuí a chur ar fáil don scoláire chun an smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus nuálach a fhorbairt.
- An chaoi a mbeidh an measúnú ar Cheol na hArdteistiméireachta ailínithe leis na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar agus modúl i dTráinse 3 (Aguisín 1). Mar a luaitear in Aguisín 1, ba cheart go mbeadh dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina struchtúr agus ina cur i láthair, cuidiú chun tacú le múinteoirí pleanáil i gcomhair teagaisc, foghlama agus measúnú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an treoir seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an treoir.

# Tagairtí

An Chomhairle Ealaíon (2023). *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* (2016–2025) [ar líne] ar fáil Straitéis na Comhairle Ealaíon (2016-2025), Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh, Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú | An Chomhairle Ealaíon [arna rochtain an 12.09.2024].

AQA (2024a). *A Level Music* [ar líne] ar fáil: AQA | Music | A-level | Music [arna rochtain an 06.07.2024].

AQA (2019). *A Level Music: Specification* [ar líne] ar fáil: A-level Music 7272 Specification (aqa.org.uk) agus AQA | A-level | Music | Specification at a glance [arna rochtain an 06.07.2024].

AQA (2024b). *Digital Media Submissions Portal* [ar líne] ar fáil: AQA | Non-exam assessment (NEA) | Submit non-exam assessment (NEA) files | Digital media submissions portal [arna rochtain an 12.07.2024].

AQA (2024c). *Key Dates Calendar* [ar líne]. Ar fáil: Key dates calendar 2023/2024 (aqa.org.uk) [arna rochtain an 06.07.2024].

AQA (2023). *Notes and Guidance Non-exam Assessment (NEA)* [ar líne] ar fáil: Notes and guidance: non-exam assessment (NEA) (aqa.org.uk) [arna rochtain an 12.07.2024].

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) 2024. *GCE Music (2016)* [ar líne] ar fáil: GCE Music (2016) | CCSM [arna rochtain an 24.06. 2024].

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) (2016a). *CCEA GCE Specification in Music* [ar líne] ar fáil: Microsoft Word - GCE Music_DesignedVersion_NOHEADERS (ccea.org.uk) [arna rochtain an 25.06. 2024].

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) (2016b). *CCEA's Revised GCE Music: Specification Snapshot* [ar líne] ar fáil: Music Specification Snapshot.pdf (ccea.org.uk) [arna rochtain an 06.06. 2024].

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (REOG) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 2012. Cairt na nEalaíon san Oideachas [ar líne] ar fáil Publication2 (www.gov.ie) [arna rochtain an 12.09.2024].

An Roinn Oideachais (RO) 2022. Preaseisiúint: Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách [ar líne] ar fáil gov.ie - Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách [arna rochtain an 06.06.2024].

An Roinn Oideachais (RO) 2022. Straitéis dhigiteach do scoileanna go dtí 2027 [ar líne] ar fáil https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/8668db-none/? [arna rochtain an 08.08.24].

An Roinn Oideachais (RO) 2015. Creat don tSraith Shóisearach [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/3249/framework-for-junior-cycle-2015-en.pdf [arna rochtain an 09.09.2024].

An Roinn Oideachais (RO) 2024. Sonraíocht Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta don Ardteistiméireacht [ar líne] ar fáil Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta | Curaclam ar Líne [arna rochtain an 23.09.2024].

An Roinn Oideachais (RO) 1996. Siollabas Cheol na hArdteistiméireachta [ar líne] ar fáil PGImage (curriculumonline.ie) [arna rochtain an 09.09.2024].

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) (2000). Cúrsa Oideachas Ealaíon na hArdteistiméireachta Feidhmí [ar líne] ar fáil music.pdf (curriculumonline.ie) [arna rochtain an 01.09.2024].

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 2016. Gearrchúrsa sa Taibhiú Ealaíne; Rannpháirtíocht sna hEalaíona: Sonraíocht don tSraith Shóisearach [ar líne] ar fáil CNCM-SS-Gearrchúrsa-TE.pdf (curriculumonline.ie) [arna rochtain an 09.09.2024].

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 2017. Sonraíocht Cheol na Sraithe Sóisearaí [ar líne] ar fáil 16226-NCCA-Specification-for-Junior-Cycle-Music_v3.pdf (curriculumonline.ie) [arna rochtain an 09.09.2024].

International Baccalaureate (IB) (2023a). *Academic Integrity* [ar líne]. Ar fáil: Academic Integrity - International Baccalaureate® (ibo.org) [arna rochtain an 23..02.2024].

International Baccalaureate (IB) (2023b). *Diploma Programme: Music* [ar líne] ar fáil: Study music | Diploma - International Baccalaureate® (ibo.org) [arna rochtain an 21.06.2024].

An *Baccalauréat* Idirnáisiúnta (IB) (2014). *International Baccalaureate Diploma Programme: A Guide to Assessment* [ar líne]. Ar fáil: assessmentbrief_web.pdf (ibo.org) (arna rochtain an 06.07.2024).

An Baccalauréat Idirnáisiúnta (IB) (2020). *International Baccalaureate: Diploma Programme Subject Brief. The Arts: Music* [ar líne] ar fáil: dp-subject-brief-music-2020-en.pdf (ibo.org) [arna rochtain an 21.06. 2024].

An Baccalauréat Idirnáisiúnta (IB) (2023c). Statement from the IB about ChatGPT and Artificial Intelligence in Assessment and Education [ar líne] ar fáil Statement from the IB about ChatGPT and artificial intelligence in assessment and education - International Baccalaureate® (ibo.org) [arna rochtain an 23.06.2024].

Music Generation (gan dáta). [ar líne] ar fáil Music Generation | Music Education Ireland [arna rochtain an 29.09.2024].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2023. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach – Ráiteas Cláir [ar líne] ar fáil RCATF-athbhreithnithe.pdf (curriculumonline.ie) [arna rochtain an 07.08.24].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2024. Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath Chéim 4 de Shonraíochtaí Ábhar na Sraithe Sóisearaí: Tíreolaíocht, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic agus Ceol [ar líne] ar fáil Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chur i bhFeidhm Luath Chéim 4... [arna rochtain an 10.11.24].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2022. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/ga/acmhainni/athbhreithniu-ar-an-tsraith-shinsearach-tuarascail-chomhairleach/ [arna rochtain an 09.09.24].

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2016. Páipéar Eolais agus Treorach don Athbhreithniú ar Cheol na Sraithe Sóisearaí [ar líne] ar fáil Páipéar Eolais agus Treorach don Athbhreithniú ar Cheol na Sraithe Sóisearaí [arna rochtain an 09.09.24].

Ofqual (2019). *GCE Subject Level Conditions and Requirements for Music* [ar líne] ar fáil ar: GCE Subject Level Conditions and Requirements for Music (publishing.service.gov.uk) [arna rochtain an 06.07.2024].

Ofqual (2024). *Policy Paper: Ofqual's Approach to Regulating the Use of Artificial Intelligence in the Qualifications Sector* [ar líne] ar fáil Ofqual's approach to regulating the use of artificial intelligence in the qualifications sector - GOV.UK (www.gov.uk) [arna rochtain an 06.07.2024].

Oide Creativity (2024). *Oide Creativity* [ar líne] ar fáil *Oide Creativity* [arna rochtain an 11.11.2024].

Pearson Education Limited (2017). *Pearson Edexcel Level 3 Advanced GCE in Music Technology* Specification [ar líne] ar fáil A Level Music Technology (9MT0) Specification Issue 3 [arna rochtain an 18.10.2024].

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2012). Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012: Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora don Ghnáthleibhéal agus don Ardleibhéal [ar líne] ar fáil Word - Chief Examiner's report LC Music 2012 H (examinations.ie) [arna rochtain an 14.08.2024].

Údarás Curaclaim agus Measúnachta Victoria (VCAA) (2023). *VCE Administrative Handbook 2024* [ar líne] ar fáil: Pages - VCE Administrative Handbook 2024 (vcaa.vic.edu.au) [arna rochtain an 23.06.2024].

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *Music* [ar líne]. Ar fáil: Pages - Music (vcaa.vic.edu.au) [arna rochtain an 06.07.2024].

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Victoria (VCAA) (gan dáta). *VCE Study Designs* [ar líne]. Ar fáil: Listing of study designs (vcaa.vic.edu.au) [arna rochtain an 23.06.2024].

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh ceapadh socruithe measúnaithe i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 3.

## 1. Achoimre feidhmiúcháin

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. Go sonrach, beidh comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
- Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an chomhpháirt mheasúnaithe (CMB) sin.
- Beidh aon scrúdú scríofa amháin ag gach ábhar; beidh 60% de na marcanna ag gabháil leis an scrúdú scríofa de ghnáth.
- Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile (CMB).
- Is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tar éis an t-ualach measúnaithe foriomlán ar an scoláire a mheas go fada fairsing. Mar sin féin, bheadh eisceacht den sórt sin bunaithe ar fhianaise láidir shoiléir go bhfuil an dara CMB nó an dara scrúdpháipéar sa scrúdú deiridh riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire, rud nach féidir a bhaint amach trí CMB amháin agus scrúdpháipéar scríofa amháin.

## 2. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa cháipéis seo ar na socruithe agus paraiméadair mheasúnaithe uileghabhálacha a threoraíonn ceapadh na sonraíochtaí le haghaidh gach ábhair i dTráinse 3, ina measc:

- Eolaíocht Talmhaíochta
- Ríomheolaíocht
- Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide
- Stair
- Eacnamaíocht Bhaile
- Matamaitic
- Ceol
- Fisic agus Ceimic.

Cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin leis an obair leanúnach leis na hábhair i dTráinse 1 agus 2 agus leasófar í, de réir mar is cuí, i gcás tráinsí amach anseo lena bhféadfar a réimsí ábhair agus na socruithe measúnaithe atá ann faoi láthair a chur san áireamh.

Is léiriú ar an treo beartais a d'eisigh an tAire Oideachais iad na socruithe atá leagtha amach anseo: go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ann le haghaidh gach ábhair, go mbeidh sí i bhfoirm nach scrúdú scríofa traidisiúnta í, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na comhpháirteanna sin a leagan amach agus a mheasúnú, agus ar an gcaoi sin go mbeidh béim níos lú ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa cháipéis seo leagtha amach ar bhonn na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh

sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta.
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad.
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúdaithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun go bhforbróidh a dtuiscint agus a measúnú ar **phríomhinniúlachtaí** trí bheith ag cur le tuiscint níos fearr faoin gcaoi le heolas, scileanna, luacha agus meonta a mheasúnú.
- Deiseanna a chur ar fáil don scoláire agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire**, borradh a chur faoi spreagadh foghlama an scoláire agus deiseanna maidir le cleachtais aiseolais fhoirmitheacha a fheabhsú.
- Raon agus ilchineálacht na ndeiseanna measúnaithe a shíneadh; lena n-áirítear **an t-ualach measúnaithe a scaipeadh** i gcaitheamh an dá bhliain dheireanacha den tsraith shinsearach agus dá réir sin cabhrú leis an mbrú a bhíonn ar an scoláire a laghdú nó a leathadh.
- **Scileanna agus inniúlacht measúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn an múinteoir leis an scoláire agus é ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lenar féidir leochaileacht an chórais a laghdú i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go léirítear freisin le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta, nuair a thabharfar isteach comhpháirteanna measúnaithe eile nach mór breithniú ar conas rioscaí a mhaolú, mar shampla:

- rómheasúnú ar an scoláire
- róchleachtadh ar mheasúnuithe
- measúnuithe ina bhfuil an iomarca struchtúir, ranna, athdhéanta agus gnáthaimh.

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Ina theannta sin, ar leibhéal na gclár uile (.i. agus na hábhair agus na modúil uile a chuirtear i bhfeidhm i scoileanna á gcur san áireamh), is gá aird a thabhairt ar an ualach measúnaithe iomlán a bhíonn ar an scoláire go príomha, agus ar scoileanna ar bhonn níos ginearálta freisin. Cé gur féidir

a bheith ag súil leis go bhféadfadh SDGanna díriú ar an gcur chuige chun measúnú a dhéanamh ina n-ábhar féin ar dtús, moltar dóibh a bheith airdeallach ar an ualach measúnaithe foriomlán ar fud na n-ábhar agus na modúl uile. Ar na breithnithe sin ar leibhéal na gclár uile, áireofar freisin na modhanna measúnaithe a bhíonn in úsáid. Mar a luaitear thuas, is féidir go mbeidh údar le níos mó ná CMB nó scrúdú scríofa amháin i gcásanna eisceachtúla agus tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an bpróiseas le haghaidh na gcásanna sin.

**3. Próiseas**

Leagtar amach sa chuid seo an próiseas trína ndéanfar breithniú agus cinneadh ar athrú ar na paraiméadair a shainítear sa cháipéis seo; mar shampla, CMB breise nó an dara scrúdú scríofa deiridh.

1. Tar éis do SDG cuid mhór plé a dhéanamh agus tar éis réimse roghanna a fhiosrú le haghaidh CMB oiriúnach aonair/scrúdú scríofa aonair don ábhar, gineann Feidhmeannas CNCM nóta scríofa ina leagtar amach an cás láidir, soiléir atá á dhéanamh ag an Meitheal Forbartha.
2. Aontaíonn an Mheitheal Forbartha an cás scríofa agus cuireann siad a n-ainmneacha leis.
3. Pléitear an cás scríofa leis an mBord don tSraith Shinsearach.
4. Pléitear an cás scríofa leis an gComhairle. De bhun an phlé sin, cinneann an Chomhairle cé acu is ceart nó nach ceart an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn.

   a) Tar éis breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar an scoláire a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle nach bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, iarrann an Chomhairle ar an Meitheal Forbartha oibriú ar bhonn CMB amháin agus scrúdú scríofa amháin.

   NÓ

   b) Tar éis di breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann leis an ualach measúnaithe ar an scoláire a bhainistiú agus a scaipeadh, má chinneann an Chomhairle go bhfuil an cás sách láidir chun gur fiú don Roinn machnamh a dhéanamh air, aontaíonn an Chomhairle an cás a chur ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais.
5. I gcás 4b, seoltar an cás scríofa chuig Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRPMO) sa Roinn Oideachais lena bhreithniú agus le haghaidh freagartha.
6. Féadfaidh an Roinn an Grúpa Forfheidhmithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí (SCRIG) a thionól chun tacú lena breithniú ar an iarraidh ar athrú. Is struchtúr atá á threorú ag an Roinn é SCRIG a bunaíodh chun maoirseacht agus tacaíocht a sholáthar do chomhordú na hoibre ar fud na bpríomhghníomhaireachtaí/na bpríomheagraíochtaí a rannchuidíonn le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ar a chomhaltaí áirítear oifigigh shinsearacha ón Roinn (an Rannóg Beartas, Churaclam agus Measúnacht, an Chigireacht, Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí [FGM]), CNCM, CSS agus Oide.
7. Cinneann an Roinn tacaíocht a thabhairt nó diúltú don iarraidh ar athrú a lorgaíodh, agus cuireann sí a cinneadh in iúl i scríbhinn do CNCM in am trátha.
8. Déanann an Mheitheal Forbartha Ábhair dul chun cinn maidir lena cuid oibre i gcomhréir le freagra na Comhairle (a eascraíonn as 4a) nó freagra na Roinne (a eascraíonn as 4b agus 7).

**4. Amlínte**

Beidh am ag teastáil don phróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas. Maidir leis an am sin, dá mbeadh roinnt seachtainí i gceist, d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha a bheith aige ar an amlíne le haghaidh céimeanna sonracha d'obair ar shonraíocht an ábhair agus/nó cur i gcrích foriomlán na sonraíochta sula gcuirtear ar aghaidh chuig an Roinn lena breithniú í. Is féidir go bhfágfaidh an toisc ama sin gur gá do CNCM cruinnithe breise den Bhord don tSraith Shinsearach agus den Chomhairle a eagrú ar líne chun a chinntiú go gcomhlíonfar an obair forbartha laistigh de na hamlínte foriomlána.

Leagtar amach i dTábla 1 thíos na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a dhéanann siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar a mheas. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 3.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 3**

| Údair Mhachnaimh | Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú. |
|---|---|
| **Cineál** | Leagfar amach cuspóir agus nádúr na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus sna treoirlínte a théann léi chun tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Cuirfear mionsonraí ar fáil maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:<br><br>• tionscadal taighde/aiste fhada<br>• measúnú ó bhéal<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• déantán a chruthú<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/ cruthúnas ar choincheap/ iniúchadh praiticiúil.<br><br>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar an scoláire a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Soláthrófar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le sraith torthaí foghlama ó shonraíocht an ábhair, chomh maith le mionsonraí faoi na príomhinniúlachtaí agus na torthaí foghlama bainteacha atá le measúnú.  Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Bronnfar 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil ar an gcomhpháirt mheasúnaithe i ngach ábhar. |
| **Am** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse a bhfuil gá léi chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh i gcaitheamh an staidéir. |
| **Cur i gCrích agus Cur Isteach** | Cé gur féidir le SDG an uair a d'fhéadfadh sin tarlú a mholadh (mar ar tagraíodh dó thuas ag féachaint don ualach measúnaithe ar an scoláire go háirithe), déanfaidh CSS cinneadh deiridh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile. Tabharfaidh CSS an méid sin chun críche tar éis dó dul i mbun plé le CNCM agus an Roinn Oideachais. |

| | |
|---|---|
| | Foilseoidh CSS na dátaí deiridh faoina mbeidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú agus/nó le cur isteach ag an scoláire agus ní bheidh na dátaí sin sa tsonraíocht ábhair. (Féach tábla 1 thíos i ndáil leis an Matamaitic freisin) |
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe mír chríochnaithe a bhfuil difríocht bhunúsach idir í agus scrúdú scríofa traidisiúnta agus ina ndéantar tástáil ar inniúlachtaí difriúla a bheith á dtarchur chuig CSS agus á meas ag CSS.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Beidh treoirlínte a thacóidh le comhpháirteanna measúnaithe sonrach do gach ábhar. Forbróidh an CNCM agus an CSS na treoirlínte sin i gcomhar le chéile. Déanfaidh machnamh an SDG agus iad i mbun oibre ar fhorbairt na sonraíochta eolas dóibh agus beidh na mionsonraí a leanas san áireamh:<br>• cuspóir na comhpháirte lena mbaineann, .i., cad é atá beartaithe a mheasúnú léi.<br>• an cineál comhpháirte/gníomhaíochta measúnaithe atá i gceist.<br>• tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 3**

| Ábhar | Na socruithe reatha | Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Eolaíocht Talmhaíochta** | Maireann scrúdú scríofa 2.5 uair an chloig don scoláire ardleibhéil agus gnáthleibhéil agus bronntar 300 den 400 marc atá ar fáil (75%) air.<br><br>Staidéar Imscrúdaithe Aonair atá san obair chúrsa, rud a dhéantar mar fhreagairt ar threoir chomónta ó CSS agus is fiú 100 marc é (25%). | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |
| **Ríomheolaíocht** | Is fiú 70% an scrúdú deiridh agus maireann sé 2.5 uair an chloig; bíonn sé ar siúl in aon lá amháin i dtreo dheireadh mhí na Bealtaine. Tá gné pháipéarbhunaithe leis (1.5 uair an chloig; 130 marc) agus gné ríomhaire-bhunaithe ina dhiaidh sin (1 uair an chloig; 80 marc). | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. |

| | | |
|---|---|---|
| | Is fiú 30% de na marcanna deiridh an obair chúrsa. Eisítear an treoir chomónta i mí na Nollag sa 6ú bliain de ghnáth agus is iondúil go gcuirtear tuarascáil agus físeán achoimre (90 marc) isteach i mí an Mhárta sa 6ú bliain. Cuirtear an méid sin i gcrích le linn tréimhse 10 seachtaine.<br><br>Leagtar amach an obair chúrsa agus phraiticiúil ar leibhéal comónta ach déantar iad a ghrádú i gcomhréir leis na caighdeáin a bhaineann leis an leibhéal ag a ndéanann an t-iarrthóir an scrúdú scríofa.<br><br>Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. | Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |
| **Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide** | Tá páipéar amháin ag an scrúdú scríofa ar fiú 240 marc é, is é sin 60% de na marcanna atá ar fáil. Maireann an páipéar sin 3 uair an chloig ar fad.<br><br>Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Is fiú 160 marc tasc an scoláire agus seasann sin do 40% de na marcanna atá ar fáil.<br>Bíonn difríocht idir tasc an scoláire ag an ardleibhéal agus tasc an scoláire ag an ngnáthleibhéal, agus leagtar amach treoir dhifriúil do scoláirí AL agus GL. Tá gá le naoi n-aschur i bpunann don dá leibhéal agus tá an teorainn leathanach AL socraithe ag 14 leathanach agus an teorainn leathanach GL socraithe ag 12 leathanach. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |
| **Stair** | Is fiú 80% de na marcanna iomlána atá ar fáil an scrúdú scríofa, agus maireann an scrúdú 2 uair an chloig agus 50 nóiméad ar fad.<br><br>Tuairisc Staidéir Taighde (TST) atá i gceist leis an obair chúrsa agus sanntar an 20% atá fágtha di. Bíonn líon focal difriúil ann don scoláire AL agus GL, agus tá an líon focal GL leagtha síos ag 800 focal agus tá an líon focal AL leagtha síos ag 1,600 focal. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |

| | | |
|---|---|---|
| **Eacnamaíocht Bhaile** | Maireann an scrúdú scríofa 2 uair an chloig agus 30 nóiméad agus is fiú 280 nó 320 marc (as 400 marc) é, ag brath ar an gcúrsa roghnach a roghnaítear.<br><br>I gcás an scoláire a roghnaíonn na cúrsaí roghnacha **Dearadh agus Bainistíocht Tí** nó **Staidéir Shóisialta** is fiú 80% an scrúdú scríofa agus is fiú 20% an **Obair Chúrsa do Staidéar Bia**.<br><br>I gcás an scoláire a roghnaíonn an cúrsa roghnach **Teicstílí, Faisean agus Dearadh**, is fiú 70% an scrúdú scríofa; is fiú 20% an **Obair Chúrsa do Staidéar Bia** agus sanntar 10% d’**Obair Chúrsa TFD**.<br><br>Tá **Obair Chúrsa do Staidéar Bia** bunaithe ar cheithre thasc a chuirtear i gcrích faoi thús mhí na Samhna sa 6ú bliain agus a chuirtear faoi bhráid CSS. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |
| **Matamaitic** | Is ann do dhá pháipéar scríofa ar fiú cionroinnt iomlán na marcanna iad.<br><br>Páipéar 1: Maireann an páipéar do AL, GL agus BL 2.5 uair an chloig ar fad.<br><br>Páipéar 2: Maireann an páipéar AL agus GL 2.5 uair an chloig ar fad. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Beidh an scrúdú scríofa leagtha síos ag ardleibhéal, gnáthleibhéal agus bonnleibhéal agus bheadh coinne leis gur páipéar amháin a bheadh ann.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. Tá an chomhpháirt mheasúnaithe le cur i gcrích i mBliain 1 den chlár dhá bhliain. |
| **Ceol** | Is ann do thrí réimse measúnaithe:<br><br>Is fiú 25% an ghné chumadóireachta agus déantar measúnú uirthi le páipéar scríofa a mhaireann 1.5 uair an chloig ar fad.<br>Is fiú 25% an ghné léirithe agus déantar measúnú uirthi le léiriúchán 3 nó 4 phíosa, ag brath ar roghnú formáide léiriúcháin amháin nó péire<br>Is fiú 25% an ghné éisteachta agus déantar measúnú uirthi le cluas-scrúdú agus páipéar scríofa a mhaireann 1.5 uair an chloig ar fad. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Beidh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar threoir a eiseoidh CSS. |

| | | |
|---|---|---|
| | An Cúrsa Roghnach AL: Roghnaíonn an scoláire AL ceann amháin de na tr réimse thuas agus socraíonn sé cionroinnt na marcanna a mhéadú chuig 50% trí ghníomhaíocht mheasúnaithe bhreise a áireamh.<br><br>I gcás an scoláire gnáthleibhéil, déantar a mharc is fearr i réimse amháin as trí réimse a dhúbailt chun cionroinnt marcanna 100% a bhaint amach. | |
| **Fisic agus Ceimic** | Is fiú cionroinnt marcanna iomlán 400 marc an scrúdú scríofa ag AL agus GL. Páipéar 3 uair an chloig.<br>Cuid 1 Fisic ar fiú 200 marc í.<br>Cuid 2 Ceimic ar fiú 200 marc í. | An scrúdú scríofa: ualú 60% de ghnáth.<br><br>An chomhpháirt mheasúnaithe: ualú 40% ar a laghad.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS mar fhreagairt ar threoir chomónta. |

Cé nach mór ualú íosta 40% a bheith ag CMB i ngach ábhar; féadfaidh SDG ualú 50% a mholadh. Sna himthosca sin, beidh feidhm ag an bpróiseas ar a dtugtar breac-chuntas thuas i gCuid 3 chun a chinneadh an dtugtar tuilleadh breithnithe ar an ualú sin i dtaobh cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear i bhfeidhm é. Ní bheifí ag súil leis go bhféachfadh SDG le hualú a chur i bhfeidhm ar an CMB os cionn an leibhéil sin.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment